Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Straitéis Diaspóra na hÉireann 2026-2030

## POBAIL Á NEARTÚ AGUS NAISC Á NDOIMHNIÚ

Taidhleoireacht Diaspóra i mBun Oibre

“Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár ndiaspóra líonmhar, atá ag dul i méid. Is ar éigean atá teaghlach ar an oileán seo nach cuid dá n-eispéireas pearsanta an imirce. Ar gach mór-roinn chuir ár n-imircigh a mbeartaíocht agus a ndiansaothar ag fónamh dá ndúichí nua. Ach maireann a ngrá d’Éirinn agus dá cultúr ina gcroíthe i gcónaí.”

**An tUachtarán Catherine Connolly**
**Aitheasc Oirnithe**
**Caisleán Bhaile Átha Cliath, 11 Samhain 2025**

**Grianghraif an leathanaigh chlúdaigh**

*Ceiliúradh 70 Bliain an London Irish Centre © CutLeaf Productions*

*Australasia Celtic NZ Championships 2025 © John Bobs Daly*

*Baill de Chomhaltas Dhún Éideann ag seinm ag Lá Cultúir agus Oidhreachta an Ard-Chonsalacht © Andrew Perry*

*Skye Gough, Cúntóir Seirbhíse Leasa an Luton Irish Forum, ag comhrá le John Coady, úsáideoir seirbhíse © Christine Sosnowski*

# Clár


Réamhrá: An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ..... **4**

Réamhrá: An tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra ..... **6**

A Thábhachtaí atá Rannpháirtíocht leis an Diaspóra ..... **8**

Achoimre Feidhmiúcháin ..... **9**

An Straitéis a Fhorbairt agus a Chur chun Feidhme ..... **13**

Ár dTiomantas Uileghabhálach ..... **17**

Folláine & Abhcóideacht ..... **18**

Féiniúlacht & Cultúr ..... **25**

Ceangal & Cuidiú ..... **33**

Imeacht & Filleadh Abhaile ..... **41**

Ár nEispéireas a Roinnt ..... **45**

*Foscríbhinn 1: Mapa de na Príomhchomhairliúcháin* ..... 48

*Foscríbhinn 2: Forléargas ar an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain leis an Dr Martin Russell* ..... 49

# Réamhrá

## An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Helen McEntee TD



*An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Helen McEntee TD*

Is oileán beag í Éire a bhfuil an-aimsiú aici.

Cuireann ár ndiaspóra ar fud an domhain ár nguth, ár luachanna agus ár gcultúr in iúl.

Is í seo tríú straitéis Diaspóra na hÉireann agus í chomh tiomanta céanna le straitéisí roimhe seo do na ceangail agus naisc idir Éire agus Éireannaigh ar an gcoigríoch a dhoimhniú.

Agus muid ag cur leis an ngealltanas a tugadh sa Chlár Rialtais Straitéis Diaspóra nua a fhorbairt, bhí a fhios againn go maith nach n-éireodh leis an straitéis gan fíorchomhairliúchán leathan le raon leathan éagsúil daoine, saoránaigh Éireannacha, daoine a bhfuil ceangal acu le hÉirinn agus pobail Éireannacha ar fud na cruinne.

Bunaithe ar chomhairliúcháin a mhair naoi mí agus ar an gcéad chomhairliúchán ar líne ariamh le hÉireannaigh ar an gcoigríoch, leagtar amach sa straitéis seo trí thiomantas is fiche atá bunaithe ar na cúig phríomhshnáithe seo a leanas:

- Folláine & Abhcóideacht
- Féiniúlacht & Cultúr
- Ceangal & Cuidiú
- Imeacht & Filleadh Abhaile
- Ár nEispéireas a Roinnt

Is ag éirí as na mílte comhrá ar fud an domhain a tháinig na gealltanais agus na snáitheanna sin chun cinn. Mar bhonn fúthu tá na scéalta a fuaireamar ó imircigh atá ar imirce le fada, ó imircigh nuathagtha, uathu siúd a d'fhill abhaile le deireanas, agus ó sheandaoine agus daoine óga araon den chéad agus dara glúin agus de ghlúnta ina dhiaidh sin.

Aithnítear leis an straitéis seo nach grúpa aonchineálach é an diaspóra Éireannach ach gur pobal ilchineálach gach pobal ar leith a múnlaíodh óna stair féin agus ó éispéiris a mhuintire.

Roghnaíomar móitíf an tsnáithe d'aon ghnó mar gur léiriú é ar an éagsúlacht sin agus go dtugann sé deis d'Éireannaigh ar an gcoigríoch a scéal féin a fhi chun tacú lena n-ábhair spéise, a riachtanais agus a dtosaíochtaí féin, agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a gcaithfidh siad dul i ngleic leo.

Arís eile, si í folláine na nÉireannach a chuireamar i gcroílár ár gcuir chuige. Féachfaimid i gcónaí lena áirithiú go ndéantar na daoine is leochailí agus is imeallaí a chumhdach agus lena aithint freisin gur iomaí cúis leis an leochaileacht.

Baineann tábhacht ar leith le gach snáithe ann féin, ach nuair a nasctar le chéile iad is amhlaidh a chuireann siad uile go suntasach le folláine ghinearálta daoine aonair agus pobal,

Tá an Rialtas tiomanta do chur chuige uaillmhianach lena neartófar ionad na hÉireann sa saol, agus is féidir le taidhleoireacht an diaspóra cion suntasach a dhéanamh ar mhaithe le leasanna agus luachanna na hÉireann a chur ar aghaidh cinn ar fud an domhain.

Tá taithí roinnt mhaith blianta againn anois agus tuigimid ar an ábhar sin an fiúntas agus na buntáistí as dul i bpáirt leis an diaspóra. Chonaiceamar féin a bhfuil déanta go hiarbhír ag imircigh Éireannacha ina ndúichí nua trí chur leis an éagsúlacht chultúir, tacú le daoine leochaileacha ina bpobail, luachanna na hÉireann a chur chun cinn, boinn scile áitiúla a neartú agus naisc eacnamaíocha a dhoimhniú.

Sa timpeallacht idirnáisiúnta chasta, is deas liom a fheiceáil go bhfuil an straitéis sin tiomanta dár n-eolas agus taithí a roinnt le daoine eile ar spéis leo dul i bpáirt lena ndiaspóra féin. Ach an caipiteal taidhleoireachta uathúil sin a shlógadh beidh deis againn caidreamh fiúntach idirnáisiúnta a chothú mar a bhí i gceist sa straitéis Éire Dhomhanda 2025.

Táimid tiomanta freisin do na hacmhainní a chur in áit chun cur leis na gealltanais a leagtar amach sa straitéis seo. Nuair a lainseálamar ár straitéis diaspóra deireanach in 2020, bhí beagán faoi bun €13.2 milliún inár mbuiséad chun tacú leis an diaspóra. In 2026, tá €17.5 milliún ann, an leithdháileadh is mó go dtí seo. Beidh an Clár Tacaíochta Eisimirceach (CTE) i gcroílár ár rannpháirtíochta i gcónaí agus é ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd is leochailí. Cuirfimid freisin le hacmhainn ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí rannpháirtíocht a bhunú lenár bpobail diaspóra fud fad na straitéise seo.

Tá sé tábhachtach gan an straitéis seo a áireamh aisti féin. Tá sí ina cuid de thiomantas níos leithne dul i rannpháirtíocht lenár ndiaspóra amhail a rianaíodh sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Éagsúlú Margaidh, sa straitéis idirnáisiúnta Taidhleoireachta Spóirt le deireanas agus mar phríomhcholún den straitéis rialtais atá ar na bacáin, Éire Dhomhanda 2040, agus dá straitéisí réigiúnacha.

Is cuid ríthábhachtach é an diaspóra den saol a bhí, atá agus a bheidh ann amach anseo agus is ábhar bróid dom an straitéis seo a sholáthar, straitéis a chinnteoidh caidreamh dinimiciúil lenár bpobail Éireannacha ar fud an domhain as seo go ceann cúig bliana agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

# Réamhrá

## An tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra, Neale Richmond TD



*An tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra, Neale Richmond TD*

Is ábhar bróid dom Straitéis Diaspóra an Rialtais 2026 – 2030 a lainseáil, straitéis lena múnlófar ár rannpháirtíocht lenár bpobail thar lear as seo go ceann cúig bliana.

Faoi Airteagal 2 de Bhunreacht na hÉireann, aithnítear gur mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann. Tá léiriú ar an mbrí sin sa straitéis seo agus muid ag féachaint leis an nasc idir an diaspóra agus Éire a dhoimhniú agus na ceangail idir pobail ar ár n-oileán agus líon na bpobal Éireannach ar an gcoigríoch, atá ag dul i méid, a neartú.

D'eascair an straitéis seo as clár forleathan idirphléití leis na pobail Éireannacha thar lear, lena n-áirítear seacht gcomhairliúchán idirphearsanta is fiche i seacht dtír déag, le linn mo chéad 12 mhí mar Aire le freagracht as an diaspóra. Chuir an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain, suirbhé ar líne a reáchtáladh ar feadh shamhradh 2025, leis na comhairliúcháin sin.

Ba é m'aidhm le linn do na comhairliúcháin a bheith ar siúl éisteacht leis na hábhair bhuartha agus na deiseanna a bhí ag pobail Éireannacha ar fud an domhain agus iad a thuiscint.

Is ar thacaíocht a thabhairt do na daoine is leochailí i bpobal Éireannach an domhain agus dóibh siúd a thugann tacaíocht dóibh a bhí fócas na hÉireann riamh i leith ár ndiaspóra, agus is mar sin a bheidh. Chuala mé go pearsanta faoin leathnú ar choincheap na leochaileachta agus go bhféadfadh duine ar bith ag céim ar bith dá aistear eisimirce éirí leochaileach ar raon cúiseanna éagsúla, a gcuireann leithlisiú, rochtain theoranta ar thacaíocht áitiúil nó easpa líonraí sóisialta leis go minic.

Chun an straitéis seo a sholáthar is gnéithe lárnacha iad tacaíocht do chláir chultúir, imeachtaí spóirt, ranganna Gaeilge, scéalaíocht agus spáis ionchuimsitheacha a chruthú chun teacht le chéile agus gréasáin shóisialta a bhunú. Is deis iad chun ceangal a bhunú leis an mbaile agus daoine nua agus glúnta níos óige den diaspóra a mhealladh agus an chuid is fearr de luachanna agus de chultúr na hÉireann a chur ar taispeáint freisin. Feidhmíonn siad mar mhórphointí ceangail freisin trínar féidir cairdis a bhunú, aghaidh a thabhairt ar an leithlisiú, agus ceangail trasphobail a thógáil ar a mbunaítear pobail inbhuanaithe bhríomhara.

Is ábhar mór bróid é a bhfuil déanta ag an diaspóra ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch na hÉireann. Fud fad na straitéise seo, oibreoimid chun na chéad chaibidlí eile den scéal seo faoi thrádáil agus infheistíocht a scríobh le breis infheistíochta sna caidrimh fhíor-thábhachtacha agus leas a bhaint as na ceangail an-luachmhar, saineolas agus léargais lenar féidir buntáistí na hÉireann i gcomhair infheistíocht dhíreach choigríche a chur ar aghaidh, a thacóidh le gnó na hÉireann, rochtain ar mhargaí nua agus lena spreagfar cruthú fostaíochta agus nuáil.

Le linn na gcomhairliúchán casadh go leor daoine orm atá ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile. Aithním go bhféadfadh castachtaí a bheith ag baint leis an bpróiseas agus tá mé tiomanta d'oibriú le gach roinn Rialtais chun filleadh níos éasca ar Éirinn a éascú. Mar sin féin, maidir le cuid de na ceisteanna a ardaíodh, amhail rochtain ar thithíocht, ionaid scoile le haghaidh leanaí agus ceisteanna ginearálta faoin gcostas maireachtála, is fiú a aithint nach ceisteanna iad a bhaineann go huathúil leis an diaspóra ach go gcuireann siad isteach ar dhaoine a chónaíonn in Éirinn freisin. Is príomhthosaíocht don Rialtas aghaidh a thabhairt orthu agus tá an obair sin ag dul ar aghaidh taobh amuigh den straitéis seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd uile a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin thar lear agus sa bhaile. Tá súil agam go mbeidh an fhís agus na gníomhartha a leagtar amach sa doiciméad seo ina léiriú ar roinnt de na ceisteanna atá tábhachtach duitse.

Tá mé ag tnúth le bheith ag obair leis na hÉireannaigh ar an gcoigríoch, lenár líonraí d'eagraíochtaí Éireannacha agus le páirtithe páirteacha eile sa bhaile agus thar lear maidir leis na gealltanais sa straitéis seo a chur chun feidhme agus an caidreamh idir Éire agus Éireannaigh ar an gcoigríoch a dhoimhniú tuilleadh.




*Seolann an tAire Stáit le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra, Neale Richmond TD, an Taispeántas "On the Move - A Century of the Irish Passport" in Oifig an Phas I mBaile Brigín. Ba chomhpháirtíocht í an taispeántas le EPIC – Músaem Imirce na hÉireann chun ceiliúradh a dhéanamh ar na scéalta faoin gcaoi ar éascaigh Pas na hÉireann naisc ar fud na cruinne le 100 bliain anuas © RGET*

# Tábhacht Rannpháirtíocht an Diaspóra

Tá sainmhíniú leathan ionchuimsitheach ar dhiaspóra againn agus cuimsítear i gcónaí leis saoránaigh a rugadh ar an oileán nó ar an gcoigríoch, iad siúd a bhfuil sinsearacht Éireannach acu agus iad siúd a bhfuil an-dáimh acu le hÉirinn, lena n-áirítear líon daoine atá ag dul i méid a chaith seal in Éirinn agus a d'fhill ar a dtír dhúchais.

Scríobhadh go leor faoi thaithí na nÉireannach ar an eisimirce. Baineann snáithe scéil fáda ilchineálach léi. Ar feadh na mblianta dhírítí an ghnáthinsint, mar ba cheart, ar an bpointe go bhfacthas gurbh í an eisimirce an t-aon rogha phraiticiúil a bhí ann d'an-chuid daoine mar gheall ar dhúshláin eacnamaíocha agus eisiamh sóisialta. Le haghaidh daoine eile, áfach, go háirithe sna blianta deireanacha, is rogha a bhí san eisimirce, rogha a rinneadh faoi dhálaí níos fearr.

Tá sé tábhachtach ar an iliomad cúiseanna na naisc idir diaspóra na hÉireann agus Éire a dhoimhniú.



*Foireann mhaiseach na bhfear peile Gaelaí, na Patriotes de Québec i Ceanada © Patriotes de Québec*

Ar an gcéad dul síos, aithníonn an Rialtas go bhfuil cúram na nÉireannach go léir atá ar an gcoigríoch mar dhualgas orainn. Ar an ábhar sin, is cur chuige duinelárnach bunchloch ár rannpháirtíochta leis an diaspóra i gcónaí. Aithnímid i gcónaí, agus d'aithníomar sa dá straitéis roimhe seo, nach rud deonach a bhí san eisimirce do dhaoine áirithe agus nach raibh mórán sásaimh ag baint léi, rud a ngabhann riosca imeallaithe leis.

Seachas sin, chonaiceamar le linn ár gcomhairliúcháin don straitéis seo, go bhfuil go leor Éireannach atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus daoine a bhfuil gaolta acu in Éirinn a bhfuil an-cheangal acu i gcónaí le hÉirinn trí naisc phearsanta, chultúir agus eacnamaíocha. Léirítear an ceangal sin ar go leor bealaí, go háirithe trínár luachanna agus féiniúlacht a chur chun cinn, ár scéal a insint ina ndúichí nua agus san iarracht a dhéanann siad naisc pholaitiúla agus ghnó a fhorbairt. Tar éis dó a aithint go bhfuil fíordhúil sa rannpháirtíocht ba neamartach an mhaise don Rialtas gan glacadh go fonnmhar leis na líonraí agus na heispéiris agus peirspictíochtaí fíorthábhachtacha sin agus ár leas uile a dhéanamh.

Ina theannta sin, trí thacú lenár bpobail thar lear cruthaítear ardán a thugann deis do na glúnta óga ceangal a choinneáil lena n-oidhreacht, agus osclaítear doirse do ghrúpaí tearcionadaíochta agus dár ndiaspóra comhleasa chun rannpháirtíocht a bhunú le hÉirinn. I saol ina bhfuil nádúr na himirce ag athrú, tá sé fíorthábhachtach muintearas a chothú sna glúnta nua agus i ngrúpaí nach bhfeictear an oiread sin.

# Achoimre Feidhmiúcháin

## FÍS

### Comhpháirtíochtaí neartaithe le diaspóra na hÉireann ar fud an domhain chun pobail Éireannacha bhríomhara ionchuimsitheacha a chothú ar fud an domhain, ina dtugtar tacaíocht dóibh siúd is leochailí, ina bhfuil borradh faoinár luachanna agus faoinár gcultúr, ina ndoimhnítear ceangail agus ina ndéantar an comhoibriú is mó is féidir ar mhaithe leis an uile dhuine.

Forbraíodh an straitéis seo ag éirí as próiseas comhairliúcháin leathan macánta ar fud an domhain agus in Éirinn.

Rinne na céadta cruinniú, na mílte comhrá, an chéad chomhairliúchán ar líne riamh le hÉireannaigh ar an gcoigríoch, agus an taithí a fuarthas ón dá straitéis diaspóra roimhe seo agus ón gClár Tacaíochta Eisimirceach (CTE) a sholáthar ó 2004 i leith, rinne an méid sin ar fad eolas dá thrí thiomantas is fiche. Leis an gclár uathúil sin soláthraíodh breis is €265m i bhfoirm deontas do bhreis is 900 eagraíocht i dtrí thír is caoga agus is clár suaitheanta i gcónaí é chun tacú le soláthar na ngealltanas a leagtar amach anseo.

I bhfianaise scála na gcomhairliúchán, is tógáil croí a lua gur próiseas an-dearfach a bhí ann tríd is tríd.

Ní shin le rá nár pléadh ceisteanna dúshlánacha deacra ar uairibh, go dtángthas ar réiteach i gcás gach ceist ar leith ná gur féidir freastal ar gach iarraidh a chualamar. Is léiriú é áfach ar an gcur chuige a ghlac na rannpháirtithe uile, go rabhthas sásta éisteacht agus plé a dhéanamh, gur mhian le daoine a gcion a dhéanamh chun réitigh a fháil agus gur aithníodh gur cur chuige comhpháirtíochta a theastaíonn chun tosaíochtaí pobal a sholáthar.

Le linn dúinn achoimre a dhéanamh den iliomad scéalta agus smaointe a chualamar, bhí roinnt téamaí coiteanna a tháinig chun solais, iad seo a leanas mar shampla:

- Gur gné shuntasach dár bhféiniúlacht i gcónaí é buanchaidreamh a chothabháil lenár ndiaspóra.
- A bhuntáistí atá sé ceangail níos mó a thógáil agus comhar a neartú ar fud phobail an diaspóra sa chomharsanacht chéanna agus ar bhonn domhanda.
- Go bhfuil an-ghean ar luachanna na hÉireann agus a thábhachtaí atá na luachanna sin i gcónaí mar bhonn faoinár spriocanna coiteanna.
- A thábhachtaí atá sé i gcónaí gan breathnú ar an diaspóra mar ghrúpáil aonchineálach. Cé gur minic gur gean ar Éirinn an catalaíoch chun ceangal a bhunú agus a bheith rannpháirteach, is pobal ilchineálach ar leith atá i ngach ceann dár bpobail Éireannacha ar fud an domhain, pobal a múnlaíodh as a thimpeallacht agus stair uathúil féin agus ó aistir, riachtanais agus spéiseanna an iliomad daoine as a gcomhdhéantar gach pobal ar leith.
- Go bhfuil nádúr na heisimirce ag athrú, faoi thionchar na geopholaitíochta, an domhandaithe agus na teicneolaíochta, Is

den tábhacht an tionchar sin a thuiscint agus mar a bhféadfadh sé athrú.


- Cé go bhfuil tábhacht le tacaíocht Rialtais, agus le cistiú agus abhcóideacht, gur sa phobal féin a phréamhaítear tógáil agus buanú pobal bríomhar. Ní féidir leis an Rialtas as féin na gníomhartha uile sa straitéis seo a chur chun feidhme. Chun iad a sholáthar, beidh rannpháirtíocht shuntasach ag teastáil, mar aon le comhar na ngeallsealbhóirí uile.

## An Fhís a Sholáthar

Chun cur le fís na straitéise beidh cur chuige ilghnéitheach ag teastáil, a thugann le chéile roinnt snáitheanna a tháinig chun cinn ón iliomad comhrá a bhí againn agus ón Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain Fréamhaíodh ár gcur chuige sa chomhairle gur cheart dúinn glacadh go fonnmhar le nádúr ilsrathach na bpobal thar lear agus a aithint gur gréasán uathúil atá i ngach ceann díobh a fíodh mar fhreagra ar a scéal féin, a gcuid spéiseanna agus a gcuid riachtanas.

Is é a bheidh sa straitéis seo más ea, tiomantas uileghabhálach agus cúig snáithe idirnasctha, a bhunaítear ar na príomhthéamaí a tháinig as an bpróiseas comhairliúcháin.

Le linn ré na straitéise seo, oibreoimid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe agus lenár ngeallsealbhóirí chun na snáitheanna sin a fhí le chéile agus tacú leis na riachtanais ar leith atá ag na pobail agus lena gcuid tosaíochtaí.




## Pobail neartaithe agus naisc dhoimhnithe

**Inár dTiomantas Uileghabhálach** leagtar amach an bonn ar tógadh an straitéis seo uirthi. Beidh gníomhartha na straitéise ina mbonn faoin soláthar ar fud na snáitheanna uile chun a áirithiú gur caidreamh dinimiciúil a bheidh againn le pobail Éireannacha an domhain, caidreamh a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus ar féidir a chur in oiriúint d'imthosca a bheidh ag athrú.

**Folláine & Abhcóideacht** a thugann aghaidh ar an teachtaireacht láidir a chualamar nár mhór a bheith ag obair go leanúnach i gcomhar lenár líonra eagraíochtaí pobail agus cultúir chun cosaint agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, dóibh siúd is leochailí agus dóibh siúd atá ar an uaigneas, imeallaithe nó i mbaol eisiamh sóisialta. Leis an bhforbairt ar ár gcuid oibre sa réimse sin, is léir nach mór dúinn a aithint go mbíonn iliomad cúiseanna leis an leochaileacht agus nach mbaineann sí go sonrach le haon chohórt ná aoisghrúpa ar leith. Táimid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do na marthanóirí droch-íde institiúidí atá ina gcónaí thar lear agus ag iarraidh ár gcur chuige a fheabhsú maidir le héagsúlacht agus cuimsiú agus maidir le rannpháirtíocht níos láidre agus níos réamhghníomhai a spreagadh le grúpaí tearcionadaíochta agus imeallaithe. Oibreoimid chun freagairt ar na glaonna a chualamar ag lorg abhcóideachta ar son an diaspóra agus na bpobal Éireannach i réimsí éagsúla.

**Féiniúlacht & Cultúr** a dhíríonn ar an spéis is léir a chuirtear in imeachtaí cultúir agus ar an bpaisean atá ann dóibh agus do luachanna Éireannacha, agus dá ról féiniúlacht agus muintearas a dhoimhniú. Is gné lárnach de shaol na bpobal Éireannach thar lear iad spórt, cultúr agus teanga, chun daoine a thabhairt le chéile agus daoine nua a ghlacadh ar bord. Táimid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do na himeachtaí sin agus d'aitheantas a thabhairt dá dtionchar ginearálta ar an bhfolláine. Le linn na gcomhairliúchán, chualamar glaonna le haghaidh raon eolais níos leithne faoi Éirinn, ár n-oidhreacht agus ár luachanna. Cuirfimid eolas den sórt sin ar fáil ar bhealach níos fearr le leagan athnuaite den Mhol Éireannach Domhanda *(Global Irish Hub)* agus ardáin oideachasúla elle, le hacmhainní ar líne agus tionscadail chartlainne.

**Ceangal & Cuidiú** atá ina léiriú ar an bhfonn atá ar ghrúpaí difriúla den diaspóra Éireannach ceangal a bhunú le grúpaí eile agus a gcuid scileanna, ama agus saineolais a chur ar fáil. Lainseálfaimid leagan úr d'Eolaire an Diaspóra *(Diaspora Directory)*, ardán do ghrúpaí pobail chun a gcuid oibre a fhógairt, Dóibh siúd atá ag obair cheana féin le heagraíochtaí pobail, éascóimid comhoibriú níos dlúithe le grúpaí eile trí líonraí a fhorbairt, ina mbeidh ról comhordaithe ag ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí. Cuirfimid feabhas ar ár n-acmhainn chumarsáide féin ionas gur fearr a bheimid in ann scéalta an diaspóra a insint agus oibreoimid chun naisc níos fearr a thógáil idir an diaspóra agus oileán na hÉireann lena n-áirítear leis an tionscnamh *Guthanna an Diaspóra*, cuid den chlár Áit Dúchais Chomhroinnte.

Chualamar go deimhin go bhfuil an-spéis sa rannpháirtíocht, agus táimid tiomanta do dheiseanna a fhorbairt don diaspóra chun a n-eispéiris agus a bpeirspictíochtaí a chur ar fáil do thosaíochtaí trádála, infheistíochta, oideachais, taighde agus turasóireachta an Rialtais. Tógfaimid caidrimh straitéiseacha le hearnáil an daonchairdis chun tacú le pobail bhríomhara sa diaspóra agus in Éirinn.

Le linn na rannpháirtíochta ardaíodh ceist, ach ní go sonrach, faoin bhféidearthacht ceart vótaíochta sna toghcháin Uachtaránachta a leathnú chuig saoránaigh Éireannacha atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn. Beifear ag breathnú ar an gceist arís, féachaint cé mar is féidir linn freastal uirthi.

**Imeacht & Filleadh Abhaile** a aithníonn go mbíonn tacuithe breise ag teastáil uathu siúd atá ag dul ar eisimirce agus uathu siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile. Ba léir ónár gcomhairliúcháin go bhfáilteofaí roimh bhreis eolais maidir leis na réaltachtaí praiticiúla a bhaineann le haistriú go tír eile. Leis an snáithe sin is é an aidhm an bhearna faisnéise sin a dhúnadh, agus eisimirceoirí a nascadh lena bpobail áitiúla nua ar theacht ansin dóibh. Is í an straitéis seo an fulcrum chun cur leis na gealltanais a rinneadh sa Chlár Rialtais chun riaracháin a mbíonn ar dhaoine atá ag iarraidh cónaí a aistriú dul i ngleic leo.

Ár nEispéireas a Roinnt: aidhm chun Éire a bhunú mar cheannaire domhanda i réimse rannpháirtíocht an diaspóra trí thógáil ar an obair a rinneamar sa dá straitéis roimhe seo maidir lenár saineolas a roinnt leis an saol mór. In Éirinn, rinne an Rialtas, in éineacht leis an tsochaí shibhialta, lucht léinn agus an earnáil phríobháideach bonn eolais agus taithí a thógáil a chuireann in áit uathúil muid chun ár n-eispéiris a roinnt leo siúd ar spéis leo na ceangail lena ndiaspóra féin a dhoimhniú. Tugann ár mácántacht maidir lenár scéal a roinnt deis dúinn Éire a chur ar thús cadhnaíochta ar fhócas domhanda ar rannpháirtíocht agus slógadh an diaspóra, fócas atá ag dul i méid, agus is cuidiú é lenár luachanna a chur chun cinn agus an caidreamh déthaobhach agus iltaobhach a dhoimhniú.

## Ceisteanna atá Lasmuigh de Raon Feidhme na Straitéise seo

Le linn na gcomhairliúchán idirphearsanta agus ar líne, ardaíodh roinnt ceisteanna atá lasmuigh de raon feidhme na straitéise seo lena n-áirítear tithíocht agus an costas maireachtála.

Cé nach bhfuil sé indéanta aghaidh a thabhairt ar cheisteanna den sórt sin sa straitéis seo, féachfaimid chuige go roinnfear dearcthaí an diaspóra leo siúd a bhfuil sé de chúram orthu maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar na dtosaíochtaí sin. Comhroinnfear na Páipéir Seasaimh faoi Éireannaigh an Domhain inar díríodh ar na hábhair sin, mar shampla.

Feabhsóimid ár rannpháirtíocht leo siúd lasmuigh den rialtas i bhforais ionadaíocha earnála agus san earnáil phríobháideach chun a machnamh siúd a fháil ar na ceisteanna a ardaíodh.



*Rannpháirtithe ag an gComhairliúchán Diaspóra i Londain, Iúil 2025 © RGET*

# An Straitéis a Fhorbairt agus a Chur chun Feidhme

## Forbairt

Tá Clár an Rialtais 2025, *Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú*, tiomanta beart a dhéanamh maidir le Straitéis Diaspóra nua a sholáthar.

Ba é an tAire Stáit le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra, Neale Richmond TD, a bhí i gceannas ar an straitéis sin, le tacaíocht ón aonad Éireannaigh ar an gCoigríoch sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ó líonra Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann.

Ag aithint dúinn go mbaineann ilchineálacht le diaspóra na hÉireann, agus go bhfuil na pobail an-éagsúil maidir lena riachtanais agus a dtosaíochtaí agus maidir leis na dúshlain a gcaithfidh siad dul i ngleic leo, ba den tábhacht don phróiseas comhairliúcháin a rinne eolas don straitéis seo a bheith rannpháirteach le raon leathan éagsúil guthanna ar fud an domhain chun a áirithiú gur léiriú iad na gealltanais ar a gcuid riachtanas.

Bhain formáidí éagsúla leis na comhairliúcháin.

### Comhairliúcháin Idirphearsanta

Ó thús deireadh 2025, thionóil an tAire Richmond agus oifigigh sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála sraith cruinnithe idirphearsanta agus ar líne le heagraíochtaí Éireannacha agus le hÉireannaigh ar fud an domhain.

Ba é croí an phróisis, sraith comhairliúchán foirmiúil faoi cheannas an Aire i seacht gcathair is fiche ar fud seacht dtír déag, lena n-áirítear in Éirinn. Bhí na comhairliúcháin sin, a eagraíodh i gcomhar lenár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí, i bhfoirm comhphléití éascaithe le daoine ón diaspóra agus le heagraíochtaí a thacaíonn leis an diaspóra agus atá rannpháirteach leis. D'fhreastail beagán faoi bhun 500 duine ar na pléití sin agus rinneadh ionadaíocht ar bhreis is 250 eagraíocht.

Mar aon leis na comhairliúcháin phoiblí fhoirmiúla, rinneadh eolas don straitéis freisin trí rannpháirtíocht le raon geallsealbhóirí ón tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), grúpaí pobail agus cultúir, líonraí gnó agus institiúidí acadúla sa bhaile agus ar an gcoigríoch agus ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit.



*An tAire Stáit Richmond ag bualadh le heagraíochtaí pobail, cultúir agus spóirt atá lonnaithe in Éirinn mar chuid de na Comhairliúcháin Diaspóra © RGET*

San ullmhúchán don phróiseas comhairliúcháin, leag an tAire Richmond amach cúig chritéar ghinearálta, arb iad ba bhun leis na rannpháirtíochtaí go léir a rinneadh.

- Dul i mbun comhrá gan aon toradh cinnte ar intinn. Ba é an aidhm tuiscint níos fearr a fháil ar phobail ár ndiaspóra agus ar na deiseanna agus na dúshláin a fheictear dóibhsean.
- Nach n-oibreodh soláthar na dtosaíochtaí i rith ré na straitéise gan é a bheith fréamhaithe i riachtanais na bpobal, agus an Rialtas ag feidhmiú mar éascaitheoir agus mar thacaí. Bhí na trí cheist ghinearálta seo a leanas mar bhonn faoi na pléití: Cé na tosaíochtaí atá agaibh? Cén chaoi ar féidir iad a sholáthar? Cén chabhair ar féidir leis an Rialtas a thabhairt?
- B'éigean labhairt le raon leathan daoine agus grúpaí: ó eisimirceoirí le fada an lá go dtí eisimirceoirí nuathagtha; ag cuimsiú gach aoisghrúpa agus inscne; agus grúpaí pobail Éireannacha, soláthraithe leasa, ENRanna, líonraí gnó, na healaíona agus go leor eile.
- Ag cur san áireamh a ilghnéithí agus a chasta atá nádúr an diaspóra, ba ghá don straitéis raon leathan tosaíochtaí a chumhdach. Is é sin, ní fhéadfadh an straitéis, agus níor chóir di, díriú ar aon réigiún, earnáil nó pobal ar leith, ach ba cheart a áirithiú léi gur caidreamh dinimiciúil atá againn lenár bpobail Éireannacha ar fud an domhain agus go ndírítear na tacaí san áit is mó a bhfuil gá leo.
- Ba cheart go bhféadfaí an straitéis seo agus an Clár Tacaíochta Eisimirceach (CTE) a oiriúnú d'imthosca a bheadh ag athrú, rud a tharla le linn ghéarchéim COVID nuair a éascaíodh fíor-chomhpháirtíochtaí idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus eagraíochtaí an diaspóra, ag éirí as an gcaidreamh a tógadh i gcaitheamh na mblianta, chun tacaíocht COVID a sholáthar do phobail Éireannacha thar lear.

### Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain

Chuir an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain, ár gcéad suirbhé riamh ar Éireannaigh thar lear, lenár gcomhairliúcháin idirphearsanta. Lainseáladh an comhairliúchán an 7 Iúil 2025 agus lean sé ar feadh seacht seachtainí i gcaitheamh shamhradh 2025.

Dearadh an suirbhé i gcomhpháirt le hInstitiúid an Diaspóra d'fhonn sonraí a bhailiú faoi cé hiad ár ndiaspóra, an bhraistint atá acu ar Éireannachas, agus na saincheisteanna atá tábhachtach dóibh. Bhí ceisteanna ilrogha sa suirbhé chomh maith le ceisteanna oscailte chun deis a sholáthar le haghaidh grinnmhachnamh ar na príomh-shaincheisteanna.

Is ar Ireland.ie a óstáladh an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain, agus fógraíodh é ar chainéil meán sóisialta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ar fud líonra ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí.

Forbraíodh dhá leagan den suirbhé: ceann do dhaoine aonair, agus ceann d'eagraíochtaí Ar an iomlán fuarthas 10,186 fhreagra ó 9,898 nduine aonair agus ó 288 n-eagraíocht.

Gheofar sonraí breise faoin suirbhé agus faoina thorthaí i bhFoscríbhinn 2.




*Rinceoirí ó Chumann Damhsa UCD ag ceiliúradh 'Semana de Irlanda' de chuid Turasóireacht Éireann i Maidrid © Sergio Albert*

### Páipéir Seasaimh

Taobh leis an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain, glacadh le páipéir seasaimh i gcaitheamh shamhradh 2025. Bhí deis leis na haighneachtaí sin plé níos mine a dhéanamh ar shaincheisteanna ar leith, lena n-áirítear saincheisteanna nár cumhdaíodh leis an suirbhé. Tugadh deis leis an méid sin d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair aird a dhíriú ar shaincheisteanna ar mhór leo iad, bídís ag baint go sonrach le pobal ar leith nó ábharach don diaspóra i gcoitinne.

Ar an iomlán fuarthas 40 páipéar seasaimh ó eagraíochtaí agus daoine aonair a bhí bunaithe i mbreis agus deich dtír.

### Freagairt ar Fhor-rochtain agus Rannpháirtíocht

Fuarthas freagairt an-dearfach tríd is tríd ar an gcur chuige oscailte agus fairsing sin ar bhonn idirphearsanta agus ar líne agus is léiriú atá sa straitéis ar na pléití a rinneadh agus an iliomad scéalta a chualamar.

Níor mhar a chéile aon dá scéal. Bhí gach scéal díobh chomh huathúil is a bhí an té a d'inis. Chualamar scéalta a bhrisfeadh do chroí agus scéalta a ghealfadh do chroí ó dhaoine a d'imigh as Éirinn na blianta fada ó shin, ó eisimircigh nua-imithe agus ó dhaoine aonair agus ó theaghlaigh a bhfuil rún acu filleadh lá éigin. D'éisteamar leo siúd a thairbhigh den eispéireas agus a raibh rath orthu, agus leo siúd a mbíonn orthu dul i ngleic leis an anró agus iad ag streachailt. Casadh daoine orainn a chuireann seirbhísí leasa tarrthála ar fáil go laethúil dóibh siúd is leochailí agus ceannairí agus tacaithe an iliomad clubanna agus cumann Éireannach. Chualamar ó lear mór daoine: múinteoirí, dochtúirí, oibrithe cúraim pobail, saorálaithe, ealaíontóirí, ceoltóirí, iriseoirí, polaiteoirí, POFanna agus fiontraithe. Labhraíomar le daoine a rugadh in Éirinn agus leo siúd a bhfuil ceangal acu leis an tír trína dtuismitheoirí, a seantuistí nó trí ghaolta níos faide siar. Casadh go leor den diaspóra comhleasa orainn freisin, daoine nach bhfuil nasc oidhreachta ná teaghlaigh acu, ach de bharr spéis inár gcultúr nó a chaith seal ag obair nó i mbun staidéir in Éirinn, a bhí ag iarraidh leanúint den cheangal le hÉirinn fiú tar éis dóibh filleadh ar a dtír dhúchais.

Ba neamartach an mhaise dúinn gan aitheantas a thabhairt dá thábhachtaí atá sé do daoine in Éirinn tacú lenár ndiaspóra. Fud fad ár gcruinnithe le gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn, ENRanna, grúpaí spóirt agus cultúir agus comhaltaí Oireachtais, bhí teachtaireacht sheasmhach ann maidir leis an ngá leis na ceangail idir Éire agus ár ndiaspóra a dhoimhniú.

## Cur chun feidhme

Sa tréimhse amach rómhainn forbrófar plean cur chun feidhme mionsonraithe le haghaidh na 23 thiomantas a leagtar amach sa straitéis agus roinnfear leis na geallsealbhóirí é.

Le linn na Straitéise, déanfaidh an tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra cathaoirleacht ar chruinniú faisnéise bliantúil chun geallsealbhóirí a choinneáil suas chun dáta maidir le soláthar na straitéise. Leis an gcruinniú sin éascófar ionchur ó ionadaithe an diaspóra, ó eagraíochtaí diaspóra agus ó ranna agus eagraíochtaí rialtais maidir leis na gealltanais a chur chun feidhme agus ar an sprioc níos leithne, na ceangail idir Éire agus na hÉireannaigh ar an gcoigríoch a dhoimhniú.

Beimid ag iarraidh tógáil ar an dea-fhreagairt ar an rannpháirtíocht a rinneadh mar gheall ar an straitéis seo. Sa tréimhse go dtí 2030, óstálfaimid dhá Fhóram Shibhialta faoi Éireannaigh an Domhain, an chéad cheann in Aibreán 2026 chun an straitéis seo a lainseáil agus an dara ceann i ndeireadh 2028 nó i dtús 2029 mar chuid de cheiliúradh 25 bliana an CTE.

Tacóimid freisin le sraith leanúnach rannpháirtíochtaí réigiúnacha thar lear agus in Éirinn chun an roinnt eolais agus deiseanna líonraithe a fheabhsú dár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta ar fud an domhain.

Ag cur leis an obair sin reáchtálfar an dara Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain, leath bealaigh tríd an straitéis, chun ár ndul chun cinn a thomhas maidir lenár ngealltanais a bhaint amach agus chun treoir a thabhairt le haghaidh tionscnamh amach anseo.

Is é CTE an chroí-uirlis i gcónaí chun na gealltanais thuas a chur chun feidhme. Beidh na tosaíochtaí agus riar an chláir á athbhreithniú agus á nuashonrú againn i gcónaí chun a áirithiú gur fearr is féidir leis freastal ar riachtanais na bpobal agus na n-eagraíochtaí Éireannacha a thugann tacaíocht dóibh, go háirithe iad siúd a chuireann seirbhísí tosaigh ar fáil.

Agus cur chun feidhme na ngealltanas a leagtar amach sna leathanaigh a leanas faoi chaibidil againn, is den tábhacht freisin gur doiciméad beo a bheidh sa straitéis seo ar féidir í a oiriúnú mar léiriú ar dhúshláin agus deiseanna domhanda.



*Leanaí ag baint sult as Paráid na Féile Pádraig in Utah, 2024 © Hibernian Society of Utah*

# Ár dTiomantas Uileghabhálach

**Ár dTiomantas Uileghabhálach:** Le linn ré na straitéise seo, oibreoimid leis an diaspóra chun a áirithiú gur caidreamh dinimiciúil a bheidh againn le pobail Éireannacha an domhain, caidreamh a fhreastalaíonn ar a riachtanais agus ar féidir leis oiriúnú d'imthosca a bheidh ag athrú.

| | |
|---|---|
| 1.1 | Sainmhíniú leathan ionchuimsitheach dár ndiaspóra a bheith againn i gcónaí, sainmhíniú a chuimsíonn an iliomad snáitheanna atá ann agus a bheidh ina léiriú ar bhrí Airteagal 2 den Bhunreacht. |
| 1.2 | A áirithiú go mbeidh cistiú CTE spriocdhírithe ar thacaíocht do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd dár bpobal thar lear is leochailí. |
| 1.3 | A áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht dhoimhnithe leis an diaspóra ina gné lárnach den straitéis Rialtais Éire Dhomhanda 2040 agus dár straitéisí réigiúnacha. |
| 1.4 | Tacú le heagraíochtaí agus líonraí Éireannacha inbhuanaithe a fhorbairt ar fud an domhain, agus aitheantas a thabhairt don ról is féidir a bheith á imirt ag an teicneolaíocht mar chumasóir rannpháirtíochta agus soláthair. |
| 1.5 | Feabhas a chur ar ár n-acmhainn ar fud ár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí chun tacú le soláthar na straitéise seo, lena n-áirítear tríd an múnla Ireland House (Áras na hÉireann) a ghiaráil chun an comhar leis an diaspóra a fheabhsú. |
| 1.6 | Rannpháirtíocht a bhunú le scoláirí, taighdeoiri agus forbróirí beartais chun ár dtuiscint ar phobail Éireannacha ar an gcoigríoch a dhoimhniú, mar bhonn faoi chinnteoireacht shonraíbhunaithe a fhreagraíonn dá riachtanais. |
| 1.7 | Plean Gníomhaíochta maidir le Cur Chun Feidhme a fhoilsiú mar aon le féilire rannpháirtíochtaí le geallsealbhóirí chun tacú le soláthar na straitéise. |

# Folláine & Abhcóideacht



*Baill de Chór Pinsinéirí na hÉireann i Londain © Damien Grainger*

Is iad daoine croílár na straitéise seo.

Ó bunaíodh an Clár Tacaíochta Eisimirceach (CTE) in 2004, agus ó foilsíodh céad Straitéis Diaspóra an Rialtais in 2015, is í bunchloch ár rannpháirtíocht leis an diaspóra folláine na nÉireannach thar lear a áirithiú.

Nuair a lainseálamar ár straitéis diaspóra dheiridh in 2020, bhí buiséad díreach faoi bhun €13.2 milliún againn chun tacú leis an diaspóra. In 2026, is buiséad €17.5 milliún atá ann, an méid is mó go dtí seo. Le linn dár rannpháirtiocht diaspóra a bheith á doimhniú agus á leathnú fud fad na straitéise seo, is trí phróiseas buiséid bhliantúil an Rialtais a bheidh CTE á chistiú againn.

Ó tá níos mó daoine ag taisteal agus leathadh geografach na bpobal Éireannach ag dul i méid, táthar ag cur lenár bhfoirne cúnaimh consalachta ar mhaithe le sábháilteacht na saoránach Éireannach thar lear a áirithiú a mbíonn coinbhleacht, tubaistí nádúrtha nó imthosca deacra eile ag cur isteach orthu le linn dóibh dul ar cuairt nó ag taisteal thar lear.

Beimid ag infheistiú i gcónaí inár bhfoirne, inár gcórais agus inár n-eagraíochtaí pobail chun a áirithiú go gcuirfimid seirbhísí agus tacaithe comhsheasmhacha, inrochtana agus éifeachtacha ar fáil do shaoránaigh Éireannacha ar fud an domhain.

Fud fad an phróisis comhairliúcháin, chualamar faoin obair bharrthábhachtach a dhéantar ar an láthair chun tacú le pobail Éireannacha thar lear. Áiritheoimid go mbeidh CTE spriocdhírithe i gcónaí ar thacaíocht do chláir thúslíne le haghaidh na ndaoine is leochailí, cláir atá íogair ó thaobh an chultúir de agus a thairgeann seirbhísí comhairliúcháin, seirbhísí do dhaoine gan dídean, cuairteanna for-rochtana agus baile, agus idirghníomhaiocht shóisialta, mar aon le comhairle agus treoir lena n-áirítear maidir le cúrsaí imirce agus stádais.

I gcuid mhaith de na pléití a rinneadh, breathnaíodh a thábhachtaí a bheadh tuiscint níos iomlánaíche ar an bhfolláine, tuiscint ina bhfaightear léiriú ar imthosca ábharacha, mothúchánacha agus sóisialta an duine aonair

agus an phobail. Úsáidfimid na sonraí a mbeidh fáil orthu chun a áirithiú go n-aithnítear tosaíochtaí réigiúnacha i gcás deontais CTE agus go leithdháiltear iad go hiomchuí ar fud chéimeanna uile na beatha, ag tacú le daoine óga sa phobal anonn go dtí tacaíocht le haghaidh daoine scothaosta agus cúram deiridh saoil.

Ar na téamaí a tháinig chun cinn i roinnt áiteanna bhí ceisteanna maidir le sláinte mheabhrach agus leithlisiú a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Labhair rannpháirtithe faoi dhúshláin a tháinig chun cinn ag éirí as athlonnú agus oiriúnú i suíomhanna coimhthíocha nach raibh ach líonraí teoranta iontu. Tugadh le fios freisin go gcuireann achar, bíodh sé ina achar fisiciúil nó sóisialta, óna muintir agus ó chórais tacaíochta leis an strus agus éiginnteacht tráth athruithe agus suaite.

Oibreoimid le pobail agus lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, go díreach tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach ach trasna snáitheanna éagsúla na straitéise seo freisin. Is féidir le pobail bhríomhara, idirnasctha lena n-éascaítear do dhaoine naisc shóisialta agus muintearas a bhunú a bheith ina gcuidiú chun dul i ngleic leis an uaigneas agus leithlisiú a bhíonn roimh go leor eisimirceach. Ar na croíghníomhartha ansin tá éascaíocht a dhéanamh ar spásanna ionchuimsitheacha, áit ar féidir le hidirnaisc idirphearsanta bláthú.

Díríodh aird le linn ár gcomhairliúchán freisin ar an bpointe maidir le riachtanais atá ag teacht chun cinn i roinnt dár bpobail thar lear i gcás patrúin leochaileachta agus tacaíocht do dhaoine scothaosta agus leithlisithe, go bhféadfaidís a bheith ar aon dul le patrúin a braitheadh i bpobail eile, go háirithe sa Bhreatain agus i SAM. Is fiú go mór na ceachtanna a fhoghlaimítear ónár gcomhpháirtithe seanbhunaithe CTE sa réimse sin chun eolas a dhéanamh don dea-chleachtas amach anseo.

Teachtaireacht láidir eile a tháinig chun cinn ó na comhairliúcháin agus ón suirbhé, b’shin achainí go spreagfadh an Rialtas spéis sna pobail Éireannacha ar an gcoigríoch. Le linn ré na straitéise seo, leanfaimid den abhcóideacht ar son riachtanais ár ndiaspóra cibé áit ar domhan atá siad.

Is cuma an cearta LGBTQ+ a chur chun cinn, comhionannas inscne a chur ar aghaidh, tacú le daoine ar Giofóga, Romaigh nó Daoine den Lucht Siúil iad, fáiltiú roimh dhaoine iloidhreachta, nó oibriú chun laghdú ar na bacainní roimh dhaoine faoi mhíchumas, ní thógfar pobail ilchineálacha a bhláthaíonn gan tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí imeallaithe agus tearcionadaíochta.




*Na Emerald Walkers amach ar eachtra eile ag taiscéaladh Leicester © Sunil Cohan*

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 2.** A áirithiú go leithdháiltear CTE ar fud snáitheanna uile na straitéise seo agus go mbeidh sé ag freagairt i gcónaí do riachtanais ár bpobal ar an gcoigríoch i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus le caighdeáin dea-rialachais. | |
| 2.1 | Leas a bhaint as na sonraí a bhfuil fáil orthu chun a áirithiú go spriocdhírítear deontais CTE chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd is measa as agus go leithdháiltear go hiomchuí iad i gcomhréir le sainriachtanais réigiúnacha ar fud chéimeanna uile na beatha, ó pháistí agus daoine óga sa phobal anonn go dtí tacaíocht le haghaidh daoine scothaosta agus cúram deiridh saoil. |
| 2.2 | Tacú le tionscnaimh CTE a spreagrann comhar ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne ar fud príomhréimsí lena n-áirítear tionscnaimh a d'fhéadfaí a athchruthú. |
| 2.3 | Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí ar leibhéal an phobail atá ag iarraidh teacht ar mhéideanna beaga cistiúcháin, cistiúchán síolchaipitil laistigh de theorainn ama go háirithe, le Scéim na nDeontas Beag. |
| 2.4 | Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir fócas níos láidre ar Chothroime, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Rochtain a leabú sa Chlár Tacaíochta Eisimirceach, mar scéim phíolótach sa Bhreatain ar dtús, le hionchur ón gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí d'Eisimircigh. |
| 2.5 | Tar éis scéim phíolótach rathúil, ár scéim cistiúcháin ilbhliantúil a leathnú chuig comhpháirtithe de réir mar a thagann riachtanais chun cinn agus mar a cheadaíonn an buiséad. |
| 2.6 | Foghlaim idir phiaraí, seisiúin chun ceachtanna a roinnt agus fothú acmhainne le haghaidh eagraíochtaí a chistítear ó CTE, lena n-áirítear ar leibhéal boird. |
| 2.7 | Cistiú CTE a athrú ón mbliain chistiúcháin Iúil go Meitheamh atá ann faoi láthair go dtí bliain féilire. |
| 2.8 | Roimh chomóradh 25 bliana an Chláir Tacaíochta Eisimirceach, leithdháileadh CTE a sholáthar chun scéal a thionchair a insint. |




*Rannpháirtíocht an Phobail Ghaelaigh i bParáid an Bhróid i Nua-Eabhrac, Meitheamh 2025 © RGET*

| **Gealltanas 3.** Folláine na nÉireannach thar lear a chur chun cinn. | |
|---|---|
| 3.1 | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail Éireannacha a oibríonn le daoine leochaileacha i ndiaspóra na hÉireann, agus a aithint gur féidir le raon tosca, lena n-áirítear leithlisiú, aois, ionad, stádas imirce, dúshláin sláinte idir sláinte fhisiceach agus sláinte mheabhrach, agus eisiamh sóisialta a bheith ina gcúseanna le leochaileacht. |
| 3.2 | Oibriú lenár nAmbasáidí agus Consalachtaí agus le geallsealbhóirí eile chun an rannpháirtíocht idir na grúpaí pobail agus soláthraithe seirbhísí áitiúla a fheabhsú. |
| 3.3 | Oibriú le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar a gcumas seirbhísí a sholáthar agus a dtionchar a mheas, lena n-áirítear tógáil ar an obair nuálach a dhéanann Éireannaigh sa Bhreatain. |
| 3.4 | Caidrimh straitéiseacha a thógáil le hearnáil an daonchairdis chun tacú le pobail bhríomhara sa diaspóra agus in Éirinn. |
| 3.5 | Breis rannpháirtíochta thrasearnála a spreagadh idir an earnáil dheonach, an earnáil cúraim phobail, an earnáil cultúir agus pobal gnó an diaspóra chun an rochtain ar raon níos leithne scileanna agus saineolais theicniúil agus ghairmiúil a éascú. |

| **Gealltanas 4.** Leanúint dár dtacaíocht do mharthanóirí droch-íde institiúidí atá ina gcónaí thar lear, agus a aithint gur imthosca deacra a thug orthu Éire a fhágáil agus go bhfuil riachtanais shonracha acu. | |
|---|---|
| 4.1 | Leanúint den chistiú le haghaidh comhairleoireacht fhíor-riachtanach agus seirbhísí tacaíochta fíor-riachtanacha, i gcomhair an iliomad marthanóirí atá ina gcónaí ar an gcoigríoch. |
| 4.2 | Tacú le heagraíochtaí a oibríonn le marthanóirí agus íospartaigh ar an gcoigríoch agus a dhéanann abhcóideacht ar a son agus rannpháirtíocht a bhunú leo, agus tacú go leanúnach le tionscnaimh chomhoibríocha. |
| 4.3 | Leanúint den obair ar fud ranna Rialtais iomchuí, agus leis an Abhcóide Speisialta do Mharthanóirí, trínár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí chun cur leis an bhfeasacht ar thacaíochtaí do mharthanóirí agus ar thionscnaimh i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais, lena n-áirítear an Scéim Íocaíochtaí maidir le hInstitiúidí Máithreachais agus Naíonán. |
| 4.4 | Oiliúint agus comhairle a chur ar fáil dár nAmbasáidí, dár gConsalachtaí agus dár gcomhpháirtithe eile maidir le rannpháirtíocht le marthanóirí atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus tacaíocht dóibh. |

| **Gealltanas 5.** Abhcóideacht ar son ár ndiaspóra. | |
|---|---|
| 5.1 | Leanúint den tacaíocht agus den abhcóideacht ar son Éireannaigh atá ina gcónaí sna Stáit Aontaithe lena n-áirítear Éireannaigh gan Doiciméid. Oibriú chun conairí dlíthiúla nua a chruthú chun gur féidir le daoine oibriú sna Stáit Aontaithe, staidéar a dhéanamh ann agus cónaí ann mar bhonn faoi phobail inbhuanaithe, éagsúla agis bhríomhara. |
| 5.2 | Deiseanna a lorg chun aird a tharraingt ar a bhfuil déanta ag pobail Éireannach ina ndúichí agus tacú le hiarrachtaí iomchuí chun a gciud oibre agus a dtosaíochtaí a fhógairt d'údaráis áitiúla agus do dhaoine eile ar féidir leo comhairle agus cúnamh a chur ar fáil. |
| 5.3 | Ár dtacar Comhaontuithe Saoire Oibre a choinneáil faoi athbhreithniú agus féachaint leis na cláir a fheabhsú más féidir, agus leanúint de dheiseanna ar Chomhaontuithe Saoire Oibre a chur chun cinn in Éirinn. |
| 5.4 | Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht na meán Éireannach lenár ndiaspóra. |

| **Gealltanas 6.** Tacú leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú laistigh d'eagraíochtaí pobail Éireannacha agus breis rannpháirtíochta le grúpaí tearcionadaíochta agus imeallaithe a spreagadh. | |
|---|---|
| 6.1 | Maidir le deontais a thugtar faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach (CTE), a áirithiú i gcónaí go mbeidh luachanna na hÉireann á léiriú acu trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail agus ócáidí a dhíríonn ar riachtanais grúpaí tearcionadaíochta, a aithint go mbíonn an fhéiniúlacht Éireannach ag athrú de shíor agus rannpháirtíocht thrasphobail a chur chun cinn. |
| 6.2 | Ciste Nuálach um Chuimsiú a bhunú faoi CTE chun tacú le tionscadail a chuireann cuimsiú grúpaí tearcionadaíochta chun cinn. £50,000 a leithdháileadh in 2026 ar bhonn píolótach chun tacú le tionscadail faoi choimirce Ambasáid na hÉireann i Londain agus an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí d'Eisimircigh. |
| 6.3 | Tacú le tionscnaimh a aithníonn scéalta na mban Éireannach inár ndiaspóra agus a bhfuil déanta acu, lena n-áirítear ceiliúradh Lá Fhéile Bríde a reáchtáiltear ar fud ár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí. |
| 6.4 | Rannpháirtíocht a spreagadh le daoine ó ghrúpaí tearcionadaíochta laistigh de dhiaspóra na hÉireann, amhail daoine iloidhreachta, iad siúd a bhreathnaíonn orthu féin mar LGBTQ+, Daoine den Lucht Siúil, agus daoine faoi mhíchumas, agus a scéalta a cheiliúradh. |
| 6.5 | A aithint go bhfuil gá le tacaíocht inbhuanaithe cleachta chun díriú ar riachtanais uathúla na bpríosúnach Éireannach ar fud an domhain agus eolas agus cúnamh iomchuí a áirithiú dá muintir. |
| 6.6 | Rannpháirtíocht a bhunú lenár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí agus eagraíochtaí comhpháirtíochta chun eolas faoi thacaíochtaí a chur ar fáil ionas go mbeidh rochtain air acu siúd atá ar bheagán litearthachta agus ar bheagán litearthachta digití. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 7.** Leanúint de chúnamh consalachta freagrúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shaoránaigh a bhfuil gá acu leis. | |
| 7.1 | Córas feabhsaithe um Chlárú Saoránach a thionscnamh. |
| 7.2 | Aitheantas a thabhairt don taithí agus saineolas atá ar fáil laistigh den diaspóra, go háirithe in ionaid nach bhfuil Ambasáid chónaithe againn iontu chun tacaíocht a thabhairt d'fhreagra Chonsalach, lena n-áirítear le linn ullmhú pleananna teagmhais Ambasáide agus Consalachta. |
| 7.3 | Próiseas le haghaidh Deontas Cúnaimh Éigeandála a bhunú faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach chun freastal ar riachtanais éigeandála saoránach Éireannach agus an phobail Éireannaigh i gcoitinne a dtéann géarchéim i bhfeidhm orthu. |
| 7.4 | Tacaíocht a thabhairt dár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta a oibríonn leo siúd nach bhfuil ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí consalachta ar líne. |




*An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Helen McEntee TD, ag tabhairt cuairt ar an Ionad Cultúrtha Éireannach i mBostún le linn cuairte don Lá Fhéile Pádraig in 2026 © Ryan Roddick/Silverline Productions Inc*

## Cás-staidéar: CTE i mbun Gnímh

**Lárionad na nÉireannach i Londain 70 Bliain de Chultúr agus Pobal Éireannach**

Bunaíodh Lárionad na nÉireannach i Londain sa bhliain 1955 mar "áras fáilte" d'eisimircigh Éireannacha sa Bhreatain. Sa lá inniu is móreagraíocht phobail d'Éireannaigh é agus é ar an gcarthanacht leasa Éireannach is mó lasmuigh d'Éirinn.

Is é an Clár Tacaíochta Eisimirceach a thacaíonn le hobair an Lárionaid agus trí luach taobh thiar di, pobal, cruthaitheacht agus comhbhá. Sa bhliain 2025, ba é Lárionad na nÉireannach i Londain an chéad eagraíocht a fuair breis is milliún euro de chroichistiú bliantúil CTE.

Cuireann an Lárionad seirbhísí tacaíochta forleathana ar fáil dóibh siúd is leochailí agus atá ar leithlis i bpobal an diaspóra, óna mhol i gCearnóg Camden agus ar fud Londan. San áireamh ann tá Seirbhís Chomhtháite do Mharthanóirí, lena soláthraítear tacaíocht agus abhcóideacht shaincheaptha chomhbhách, a ndéanann tráma eolas di, d'iaráitritheoirí institiúidí in Éirinn atá ina gcónaí i Londain agus i ndeisceart Shasana.

De bhreis ar a chuid tacaíochtaí pobail, is mol é freisin d'ealaíona Éireannacha agus don oideachas Éireannach i Londain agus tá clár uaillmhianach ionchuimsitheach ildisciplíneach aige de cheol beo, amharclannaíocht, ranganna Gaeilge, ócáidí liteartha agus taispeántais.

Sa bhliain 2025 cuidíodh le breis is 3,000 duine le cásobair, fuarthas sochair arbh fhiú £4.4m iad, cuireadh 10,000 béile ar fáil agus fáiltíodh isteach sa Lárionad roimh 55,000 cuairteoir. Oibríonn Lárionad na nÉireannach i Londain i gcomhar le 79 n-eagraíocht eile chun a gcláir phobail agus chultúir a sholáthar.

Le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann, ní fada go ndéanfar athfhorbairt uaillmhianach ar Lárionad na nÉireannach i Londain ar a láthair ar Chearnóg Camden, rud a athróidh an Lárionad ó bhonn agus a dhéanfaidh sárionad tarraingteach cultúir agus pobail Éireannaigh de agus a dhaingneoidh a thodhchaí do na glúnta le teacht. I mí Feabhra 2026 fógraíodh cistiú €3.4 milliún, an infheistíocht is mó atá déanta ag an Rialtas in eagraíocht de chuid dhiaspóra na hÉireann, agus é ina léiriú ar thiomantas an Rialtais a rannpháirtíocht le pobail Éireannacha thar lear a neartú. Leis an deontas sin beidh cistiú €6.75 milliún ar fad á chur ar fáil ag Rialtas na hÉireann le haghaidh athfhorbairt an Lárionaid.



*Imeacht chun 70 bliain an London Irish Centre in Camden a cheiliúradh, Meán Fómhair 2025 © CutLeaf Productions*

# Féiniúlacht & Cultúr

Mar is eol dúinn, níl aon diaspóra Éireannach amháin ann. Tá ár bpobail thar lear ar nós Éire sa lá inniu, iad ag bláthú faoi thionchar na héagsúlachta agus ina léiriú ar an iliomad snáitheanna i saol ionchuimsitheach nua-aimseartha

De réir mar a chuaigh forbairt ar Éirinn, is amhlaidh a tháinig forbairt ar an tuiscint ar "Éireannachas" freisin. Trasnaíonn Éireannachas féiniúlachtaí eile agus tá go leor bealaí ann anois le bheith Éireannach nó leis an Éireannachas a bhrath. Sin an fáth a bhfuil sainmhíniú leathan ionchuimsitheach againn i gcónaí ar a bhfuil i gceist le diaspóra.

Tugann cultúr na hÉireann, a chuimsíonn na healaíona, spórt, an Ghaeilge agus stair, deis chun muintearas a bhrath leis an tír dhúchais. Leis na hathruithe ar an gcumarsáid nua-aimseartha ó tháing na meáin shóisialta agus an nascacht fheabhsaithe ar an bhfód, is conair chumhachtach i gcónaí iad gníomhaíochtaí agus ócáidí cultúir chun daoine a thabhairt le chéile ar bhonn idirphearsanta. Is féidir leo cairdis a bhunú arb iad bunchloch pobal inbhuanaithe bríomhar iad.

Leis an CTE chuireamar deontais ar fáil d'fhéilte ar mhórscála agus d'ócáidí pobalbhunaithe cultúir níos lú. Tacóimid i gcónaí lenár gcomhpháirtithe pobail Éireannacha thar lear chun an chuid is fearr de chultúr comhaimseartha agus traidisiúnta na hÉireann a chur ar aghaidh. Beidh ár gceiliúradh bliantúil ar fud na cruinne ar Lá Fhéile Phádraig agus Lá Fhéile Bríde ina ghné lárnach dár bhfor-rochtain i gcónaí.




*Rannpháirtithe ag cleachtadh a gcúpla focal ag Pop-Up Gaeltacht in Ambasáid Londain © RGET*

## Cultúr, pobal agus folláine

Bhí an nasc idir cultúr, folláine agus pobail bhríomhara ar na téamaí is soiléire a tháinig chun cinn le linn na gcomhairliúchán agus féachadh leis na sineirgí sin a cheapadh ar fud snáitheanna na straitéise.

Is féidir le gníomhaíochtaí cultúir bealach a réiteach don chur i láthair ealaíonta agus spreagadh intleachtúil nó nasc sóisialta a ghiniúint, ionas gur sáruirlis iad chun dea-shláinte mheabhrach a chothabháil. Is maith is fiú a fheiceáil ar an ábhar sin go bhfuil an oiread sin dár gcláir folláine phobail a fhaigheann tacaíocht ó CTE ag cur snáithe chultúir ar fáil ina gcuid oibre freisin. Chonaiceamar féin an glacadh dearfach le hamhrántacht, scéalaíocht agus ceardaíocht, agus le gníomhaíochtaí ar nós aclaíocht sa chathaoir ag lónta seanóirí. Leanfaimid den tacaíocht don obair sin.

Is pointe ceangail iontach é an spórt le haghaidh Éireannaigh thar lear. Mar mhodh rannpháirtíochta, is minic spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla ina gcrann taca do dhaoine nuathagtha, agus gur timpeallacht fháilteach agus líonra sóisialta iad. Trí aclaíocht a chur ar fáil agus deis le haghaidh obair dheonach nó díreach chun teacht le chéile mar lucht féachana fiú, cuireann clubanna agus cumainn spóirt go mór le folláine ghinearálta an phobail.

Tá breis agus 500 club ag na cluichí Gaelacha ar fud sé mhór-roinn, agus iad ag bláthú ar fud na cruinne. Is minic a bhíonn go leor den diaspóra ar a gcompord i gclubanna CLG a fheidhmíonn mar nascphointe do dhaoine de bhunadh na hÉireann agus, ó tá cohórt imreoirí atá ag dul i méid i mbeagnach gach club agus gan aon cheangal acu le hÉirinn, mar ardán chun ár gcultúr agus ár luachanna spóirt agus pobail a chur ar taispeáint Beidh Ciste Forbartha na gCluichí Domhanda, comhpháirtíocht chomh-mhaoinithe idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus CLG, ina mhórthacaíocht le haghaidh CLG ar fud na cruinne le linn ré na straitéise seo.




*Fêtes Consulaires i Lyon © Geoffrey Reynard Photogrpahie*

Chomh maith le cluichí CLG, tá ag éirí thar cionn le clubanna faoi stiúir an diaspóra, idir chlubanna siúil, chlubanna reatha agus chlubanna rothaíochta mar aon le foirne spóirt faoi aois agus aosacha. Is maith an rud é tionchar na hÉireann a bheith chomh suntasach sin sna spóirt foirne ar leibhéal na scothspórt agus na spórt rannpháirtíochta araon, is cuma an FC Irlande sa Bhruiséil atá i gceist, London Irish RFC i Londain nó Markham Irish Rugby Club in Toronto nó an Premier League, AFL, NFL, lúthchleasaiocht na gcoláistí nó riarachán spóirt agus teicneolaíocht spóirt.

Rinne na hionchuir faoi spóirt a fuaireamar le linn na gcomhairliúchán don straitéis seo eolas do Straitéis Idirnáisiúnta Taidhleoireachta Spóirt an Rialtais freisin, a aithníonn, mar ba cheart, gur féidir leis an spórt ceangal an diaspóra le hÉirinn a dhoimhniú. Tá na gealltanais a leagtar amach sa dá straitéis i réimsí ar nós rannpháirtíocht, taidhleoireacht phoiblí, fiontraíocht agus nuálaíocht ailínithe go hiomlán.



*Ceoltóirí ag Pittsburgh Irish Fest © Tim Branscum*

## Féiniúlacht agus luachanna

Ar fud na gcomhairliúchán ba dhíol suntais é dáimh an diaspóra le luachanna na hÉireann, agus a bhródúla a bhí siad as cur chuige na hÉireann maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cearta an duine ainneoin na héiginnteachta.

I gcás an dara glúin agus na nglúnta ina diaidh agus iad siúd nár tháinig go hÉirinn riamh, is minic gurb í an oidhreacht chultúir a ghineann muintearas, cé go bhfuil sé ríthábhachtach stair na hÉireann a thuiscint chun tuiscint a fháil ar luachanna na hÉireann sa lá inniu.

Is as coilíneachas, gorta, cogadh cathartha, coinbhleacht, athmhuintearas, geilleagar agus ollimirce, domhandú, athruithe sochaíocha, agua aitheantas d'ealaíona na hÉireann a múnlaíodh Éire an lae inniu. Le staidéar ar an stair, agus ar litríocht, eolaíocht pholaitiúil, tíreolaíocht, staidéir scannánaíochta, teicneolaíocht, nuálaíocht agus eile, tugtar léargas dúinn ar fhéiniúlachtaí uathúla caolchúiseacha. I gcaitheamh na straitéise seo, ar an ábhar sin, breithneoimid mar is féidir ta-caíochtaí le haghaidh réimse an Léinn Éireannaigh a fheabhsú in institiuidí acadúla ar an gcoigríoch.

Bhí an borradh nua faoin spéis sa Ghaeilge ar na nithe a léiríodh dúinn le linn an phróisis comhairliúcháin. Tá ag méadú ar an éileamh ar dheiseanna an teanga a fhoghlaim agus a úsáid. Leis an éileamh sin, mar aon leis na huirlisí digiteacha atá ar fáil anois, is léir go bhfuil muid i ndea-áit chun acmhainní a chur ar fáil do dhaoine sa diaspóra nach raibh ach rochtain theoranta acu ar an teanga go dtí seo.

Le linn na gcomhairliúchán chualamar freisin ó sheantuistí agus ó mhúinteoirí Gaeilge ag obair thar lear a raibh acmhainní ar líne uathu a d'fhéadfaí a úsáid chun leanaí agus daoine óga a chur ar an eolas faoi Éirinn.

Tá ról ag an Rialtas maidir leis an saibhreas ábhair cultúir ar líne a cheapadh agus a fhógairt ar mhol lárnach. Oibreoidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gcomhar le Cultúr Éireann, Fís Éireann, ár bhforais Chultúir Náisúnta agus Foras na Gaeilge, agus le comhpháirtithe eile, chun an *Mol Éireannach Domhanda* a fhorbairt chuige sin.

Snáithe eile den léiriú sin is ea stair na nÉireannach ar an gcoigríoch a cheiliúradh. Tá cláir á soláthar againn chun comóradh 250 bliain Fhorógra na Saoirse a cheiliúradh agus stair na nÉireannach agus na nGael-Mheiriceánach sna Stáit Aontaithe, mar aon le Ceanada 180, comóradh 180 bliain ó 1847 i leith, tráth a chuaigh na mílte Éireannach ar eisimirce go Ceanada le linn an Ghorta Mhóir. Sa bhliain 2027, ceiliúrfaimid breith William Brown 250 bliain ó shin, as Contae Mhaigh Eo, bunaitheoir chabhlach na hAirgintíne.

Is ardán iad na comórthaí sin chun cion na nÉireannach idir fhir agus mhná ina ndúichí nua a cheiliúradh. Ag tógáil ar Zeitgeist Irland 24, clár bliana d'ealaíona agus de chultúr n hÉireann ar fud na Gearmáine, tugann na tionscnaimh sin deis an saibhreas tallainne i ndiaspóra cruthaitheach comhaimseartha na hÉireann a chur ar taispeáint.

Mhúnlaigh na hÉireannaigh ar an gcoigríoch cultúr comhaimseartha na hÉireann ar fud réimsí amhail spórt, ceol, damhsa, litríocht, fís-ealaín agus scannánaíocht agus eile. Féachfaimid leis an scéal sin a insint agus aitheantas níos fearr a thabhairt dá bhfuil déanta.

### Cás-staidéar: Lá Fhéile Bríde

Ó 2017 i leith, d'aithin Ambasáidí agus Consalachtaí ar fud an domhain Lá Fhéile Bríde mar cheiliúradh ar chruthaitheacht mhná na hÉireann, bíodh sin i réimsí an chultúir, na heolaíochta nó an airgeadais agus na fiontraíochta.

Agus na himeachtaí sin á n-éascú thar lear, áirithíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go gceiliúrtar oidhreacht Bhríde i measc dhiaspóra na hÉireann agus go mbeidh ceangal ag an gcéad ghlúin eile le traidisiúin naomh-mháthair na hÉireann agus, lena chois sin, le cultúr, oidhreacht agus traidisiúin na hÉireann.

Samhlaítear Bríd le ceardaíocht agus ealaíona na hÉireann, agus dírítear go leor de na himeachtaí ar dhamhsa, ceol agus litríocht na hÉireann a chur chun cinn. Is ar mhná Éireannacha san eolaíocht agus sa leigheas a cheiliúradh a spriocdhíríodh imeachtaí eile, agus rinneadh ceangal Bhríde leis an leigheas a tháthú leo.

Ar na tionscadail ar tacaíodh leo le blianta beaga anuas bhí greannán manga a táirgeadh ina raibh cuntas ar na scéalta faoi Naomh Bríd i dTóiceo, seó inar nascadh traidisiúin rince na hÉireann agus na hÉigipte i gCaireo agus imeacht inar ceiliúradh mná san eitlíocht i Nua-Eabhrac.



*Ceiliúradh don Lá Fhéile Bhríde, Ambasáid Chaireo 2024 © RGET*

**Gealltanas 8.** An *Mol Éireannach Domhanda* a athbheochan mar ardán iontaofa le haghaidh acmhainní ar líne don diaspóra ina dtabharfar le chéile na meáin Éireanancha, scannánaíocht, na fís-ealaíona, agus ábhair chartlainne agus oideachasúla a bhfuil fáil orthu thar lear, mar aon le naisc le tacaíochtaí agus comhairle phraiticiúil a bhaineann le cónaí ar an gcoigríoch nó filleadh abhaile.

**Gealltanas 9.** Féiniúlacht agus muintearas a chothú i measc daoine óga agus na nglúnta is óige de dhiaspóra na hÉireann.

| | |
|---|---|
| 9.1 | An úsáid a dhéanaimid d'ardáin ar líne agus teicneolaíochta a fheabhsú chun rannpháirtíocht a bhunú le bonn níos leithne d'Éireannaigh agus de dhaoine a bhfuil ceangail acu le hÉirinn agus le pobail Éireannacha thar lear. |
| 9.2 | Tacú le tionscadail lena gcuirtear rannpháirtíocht na hóige chun cinn, lena gcothaítear ceannaireacht óige i bpobail Éireannacha ar fud an domhain agus ceangail ó ghlúin go glúin a spreagadh, lena n-áirítear le daoine ó chodanna tearcionadaíochta den diaspóra. |

**Gealltanas 10**. Na healaíona Éireannacha thar lear a neartú agus a chur chun cinn agus an ról lárnach atá acu maidir le tógáil féiniúlachta, muintearais agus pobail a aithint.

| | |
|---|---|
| 10.1 | Tacú le heagraíochtaí cultúir na hÉireann, le comhlachais agus féilte cultúir ar fud an domhain ina gceiliúrtar an cultúr agus an oidhreacht atá againn i bpáirt. |
| 10.2 | Ealaíona traidisiúnta na hÉireann agus ealaíona comhaimseartha na hÉireann a neartú agus a chur chun cinn, go háirithe sa chéad ghlúin eile agus sa diaspóra comhleasa. |
| 10.3 | Éalaíona pobail a chothú chun dea-shláinte mheabhrach a chur chun cinn, dul i ngleic leis an leithlisiú, agus tacú le folláine daoine aonair agus phobail i measc an diaspóra go ginearálta. |
| 10.4 | Tacú le tionscail chultúir agus chruthaitheacha na hÉireann thar lear, i gcomhpháirt le Cultúr Éireann agus Fís Éireann, ar mhaithe le deiseanna a chur ar fáil don chéad ghlúin eile agus don diaspóra comhleasa nascadh le cultúr na hÉireann. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 11**. An borradh ar an tiomantas don Ghaeilge i measc an diaspóra a aithint trí dheiseanna a sholáthar chun an teanga a fhoghlaim agus a úsáid. | |
| 11.1 | Tacú le feasacht ar acmhainní Gaeilge ar líne atá ar fáil thar lear, agus an fheasacht sin a fhorbairt agus a chur chun cinn. |
| 11.2 | Tacú le grúpaí a chuireann deiseanna foghlama agus ócáidí agus tionscnaimh Ghaeilge ar fáil thar lear agus iad a chur chun cinn. |
| 11.3 | Tacú le tionscnaimh Ghaeilge in áiteanna ina bhfuil dlús ard cainteoirí, sa Bhruiséil mar shampla. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 12.** Tacú leis an spéis i measc an diaspóra foghlaim faoi Éirinn agus í a thuiscint. | |
| 12.1 | Tacú le comhroinnt acmhainní faoi Éirinn a dhírítear ar leanaí agus aosaigh óga, acmhainní ar féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí thar lear a úsáid. |
| 12.2 | A mheas, i gcomhthéacs Éire Dhomhanda 2040, mar ar féidir réimse an léinn Éireannaigh in institiúidí acadúla ar an gcoigríoch a fheabhsú. |
| 12.3 | Leanúint den tacaíocht don líonrú, don mhúineadh agus do thaighde i réimse an léinn Éireannaigh in institiuidí ardoideachais thar lear, lena n-áirítear i dtíortha nach tíortha an Bhéarla iad. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 13.** Stair dhiaspóra na hÉireann a chaomhnú agus a chomóradh. | |
| 13.1 | Feabhas a chur ar ár gcumas chun tacú le tionscadail ina ndéantar scéalta, cultúr agus stair dhiaspóra na hÉireann a chartlannú. |
| 13.2 | Leanúint de Chlár an Staraí Chónaithe chun scéal na n-eisimirceach Éireannach a insint, lena n-áirítear an stair dheacair agus na himthosca a thug ar go leor daoine dul ar eisimirce. |
| 13.3. | Comórthaí tábhachtacha i dtíortha eile a aithint agus cion stairiúil na mban agus na bhfear ar Éireannaigh iad a cheiliúradh nuair is ábhartha. |
| 13.4 | Tacú le hobair Choiste Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir maidir le Comóradh idirnáisiúnta bliantúil an Ghorta Mhóir a cheiliúradh thar lear. |
| 13.5 | Oibriú leis an gCartlann Náisiúnta, leis an Leabharlann Náisiúnta, le hArd-Mhúsaem na hÉireann, leis na Comhairlí Contae agus le comhpháirtithe eile chun acmhainní atá ar fáil go poiblí a fhógairt, acmhainní cultúrtha agus ginealaigh ina measc. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 14.** Aitheantas don ról is féidir le spórt a imirt maidir le rannpháirtíocht a bhunú le daoine, chun pobail a neartú agus ceangal an diaspóra le hÉirinn a dhoimhniú a samhlaíodh i Straitéis Idirnáisiúnta Taidhleoireachta Spóirt an Rialtais. | |
| 14.1 | Tacú le tionscnaimh spóirt faoi cheannas an diaspóra lena gcuirtear sláinte mheabhrach agus cuimsiú chun cinn agus/nó a fhéachann le rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt a mhéadú, go háirithe i measc na mban, na hóige agus daoine faoi mhíchumas. |
| 14.2 | Rannpháirtíocht níos struchtúrtha a bhunú le clubanna spóirt na hÉireann agus le clubanna spóirt a bhfuil ceangal acu le hÉirinn agus le diaspóra an spóirt chun naisc a thógáil le hÉirinn agus a gcuid oibre agus éachtaí a cheiliúradh. |
| 14.3 | Oibriú le CLG Domhanda i gceannáras CLG chun Ciste Forbartha na gCluichí Domhanda a athnuachan chun a áirithiú go mbeidh riachtanais forbartha chlubanna CLG thar lear á sásamh, ag tacú le deiseanna fónta do chluichí agus ag déanamh éascaíochta do chlubanna a ghníomhaíonn mar shlat tomhais don diaspóra agus dóibh siúd ar spéis leo rannpháirtíocht a bhunú le hÉirinn. |
| 14.4 | An rannpháirtíocht idir ceannáras na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ceannáras CLG, na boird réigiúnacha agus ár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí a dhoimhniú chun cur chuige comhordaithe a áirithiú maidir le forbairt agus cur chun cinn na gCluichí Gaelacha i measc an diaspóra agus na bpobal áitiúil thar lear. |
| 14.5 | Oibriú le pobail Éireannacha thar lear (go háirithe in earnáil an oideachais) chun tosú ar Chluichí Gaelacha a thabhairt isteach i modúil den Oideachas Corpartha i scoileanna thar lear, go háirithe sna scoileanna sin ina bhfuil oidhreacht láidir Éireannach nó i dtíortha ina bhfuil pobal láidir CLG. |

## Cás-staidéar: An Club Iománaíochta, Buenos Aires

Bhí an club iománaíochta in Buenos Aires ina institiúid laistigh den phobal Éireannach-Airgintíneach le breis is 100 bliain agus is féidir leis a fhréamhacha a rianú siar an bealach ar fad go 1922 nuair a bunaíodh Cónaidhm Iománaíochta na hAirgintíne. Bhí an iomáint á himirt go rialta ag baill an Chlub suas go dtí tosach an Dara Cogadh Domhanda, nuair nach rabhthas in ann camáin a iompórtáil ó Éirinn níos mó.

Sa lá inniu éiríonn go maith leis an gclub i spóirt éagsúla ach is dlúthchuid dá fhéiniúlacht a fhréamhacha Éireannacha, agus is mol lárnach é do thart ar leathmhilliún Airgintíneach a bhfuil sinsearthacht Éireannach acu. Tá foirne gníomhacha fear agus ban sa pheil Ghaelach aige agus chuir sé grúpaí chun páirt a ghlacadh i gceithre chomórtas Cluichí Domhanda CLG go dtí seo. Chabhraigh traidisiúin na gcluichí Gaelacha san Airgintín go ginearálta chun tacú le forbairtí ar fud an réigiúin agus tá clubanna CLG tagtha chun cinn sa tSile, sa Cholóim agus i bParagua le blianta beaga anuas.




*Baill den Chlub Iománaíochta Buenos Aires*

# Ceangal & Cuidiú

Bláthaíonn pobail de bharr ceangail. Is féidir na ceangail sin a bheochan ach oibriú i dtreo sprioc choiteann.

Inár gcomhairliúcháin, fuaireamar go raibh rannpháirtithe ag cur an-spéis i ndeiseanna a aimsiú chun comhoibriú le chéile, ceangal a bhunú leis an mbaile, agus a gcuid ama, scileanna agus saineolais a chur ar fáil dá bpobail agus chun tacú le gnólachtaí Éireannacha agus le fostaíocht a chruthú.

Ó tá nádúr na heisimirce ó Éirinn ag athrú agus an diaspóra ag scaipeadh níos forleithne ar fud an domhain, tá méadú ag teacht de réir a chéile ar a mhinice is gá bealaí a aimsiú chun ár bpobail a nascadh.

Ba mhaith linn éascaíocht a dhéanamh don diaspóra oibriú as láimh a chéile agus foghlaim óna chéile, bídís bainteach le cúram pobail, cultúr, spórt, gnó nó leis an saol acadúil. Le breis comhoibrithe agus le comhroinnt eolais, beidh deis ag na hÉireannaigh ar an gcoigríoch acmhainní a uasmhéadú, cumas a fheabhsú agus athléimneacht a thógáil.

Beidh ról tábhachtach á imirt i gcónaí ag ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí agus iad ag obair i gcomhar leis an Aonad um Éireannaigh ar an gcoigríoch den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála trí líonraí féin-inbhuanaithe a fhógairt, a chomhordú agus a thógáil.

Beidh an leagan úr d'Eolaire an Diaspóra ina mhol chun gur féidir leis an diaspóra rannpháirtíocht a bhunú le grúpaí pobail ina réigiún ach tá súil againn freisin go mbeidh sé ina ardán le haghaidh eagraíochtaí chun nascadh go díreach le heagraíochtaí eile ar fud an domhain a bhíonn ag plé le hobair chosúil.




*Baill de Irish Graduates Association of Singapore (IGAS) ag Seoladh Leabhair na hEagraíochta in 2023 © IGAS*



*An tAire Stáit le freagracht speisialta as Forbairt Idirnáisiúnta agus Diaspóra, Neale Richmond TD, le hIníon Teresa McKeon, a fuair Gradam Seirbhíse Cáilíochta Uachtaránach 2024 do Pobal na hÉireann Thar Lear, as a cuid oibre ar son na Carthanachta agus Abhcóideachta © RGET*

## Aitheantas

Rud amháin a fuaireamar amach ón bpróiseas comhairliúcháin, nach é an diaspóra amháin atá freagrach as ceangal leis an mbaile. Tá ról le himirt ag Éirinn maidir le freastal ar ár bpobail thar lear chun rannpháirtíocht a bhunú leo agus aitheantas a thabhairt dóibh agus don obair iontach a dhéanann na mílte oibrí deonach ar an láthair, oibrithe deonacha a thugann a gcuid ama agus fuinnimh go rialta chun tacú le comhbhaill dá bpobail Éireannacha thar lear agus a chuireann an chuid is fearr d'Éirinn chun cinn.

Is féidir teacht ar cheangail leis an diaspóra ar fud an oileáin seo, i ngach contae, paróiste, baile mór agus sráidbhaile. Is maith ann an fhorbairt leanúnach ar straitéisí rannpháirtíochta leis an diaspóra i measc na n-údarás áitiúil agus na ngníomhaireachtaí in Éirinn agus déanfaimid ár machnamh i gcomhar leo féachaint cén chaoi ar féidir linn tacú lena dtosaíochtaí.

Féachfaimid chuige i gcónaí go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta le pobail Éireannacha san áireamh nuair a théann an tUachtarán, an Taoiseach agus na hAirí thar lear.

Mar aon le Gradam Scothseirbhíse an Uachtaráin do Éireannaigh Thar Lear, déanfaimid machnamh ar an bealach is fearr aitheantas a thabhairt dóibh siúd a thug cuidiú suntasach áitiúil agus fáilte a chur roimh saoránaigh nua.

Feabhsóimid ár gcumas chun an diaspóra a chur ar an eolas faoi fhorbairtí inspéise, eolas a chur ar fáil faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh agus a scéalta agus a rathúlacht a roinnt in Éirinn agus níos faide i gcéin. Go háirithe breithneoimid mar is féidir éachtaí na bpobal Éireannach a cheiliúradh i gcomhthéacs chomóradh cúig bliana is fiche an Chláir Tacaíochta Eisimirceach.

## Cuidiú

Toradh suntasach eile ar ár gcomhairliúcháin, b'shin an dúil atá ann i gcónaí tacú le clár oibre trádála agus eacnamaíoch an Rialtais.

Bíonn ról an-tábhachtach ag an diaspóra i rannpháirtíocht idirnáisiúnta an Rialtais, sa mhéid gur príomh-chomhpháirtithe iad maidir le cur le cuspóirí trádála, turasóireachta agus infheistíochta an Rialtais i margaí tosaíochta. Ó bhí ár straitéis dheireanach ann, chonaiceamar go bhfuil aitheantas breise ann don ról sin. Admhaíodh saineolas luachmhar agus léargais na nÉireannach agus na ndaoine thar lear a bhfuil ceangal acu le muintir na hÉireann ar fud roinnt príomhstraitéisí Rialtais, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Éagsúlú Margaí agus an Straitéis Idirnáisiúnta Taidhleoireachta Spóirt.

I gcomhthéacs geilleagar domhanda níos dúshlánaí, is den tábhacht go dtógfaimid ar an rannpháirtíocht rathúil le diaspóra gnó na hÉireann roimhe seo, agus go leanaimid orainn ag infheistiú inár líonraí gnó idirnáisiúnta.

Is é Fóram Trádála na hÉireann, faoi chathaoirleacht an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a dhéanann maoirseacht ar chur chuige straitéiseach na hÉireann i leith trádála. Breithneofar mar is féidir leis na daoine is sinsearaí in Éirinn a oibríonn sa ghnó ar bhonn idirnáisiúnta tacú le hobair an fhóraim, agus an pheirspictíocht uathúil luacmhar ar féidir leo a thabhairt leo á haithint.

Comhlánófar é sin le rannpháirtíocht níos rialta agus níos spriocdhírithe trí bhíthin Foirne Margaí Áitiúla agus Réigiúnacha na hÉireann i bpríomh-mhargaí tosaíochta agus i margaí éiritheacha, agus trí fhorbairt grúpaí comhairleacha gnó sinsearacha a spreagadh in ionaid straitéiseacha, ag tógáil ar rathúlacht an Phainéil Straitéisigh Chomhairligh Eacnamaíoch atá bunaithe sna Stáit Aontaithe agus Phainéal Straitéiseach Comhairleach na hÉireann-na hIndia.

Comhlánóidh na tionscnaimh sin an rannpháirtíocht atá ann faoi láthair le comhpháirtithe Fhoireann na hÉireann[1] a oibríonn freisin le raon leathan gairmithe a bhfuil taithí acu agus cinnteoirí ardleibhéil a bhfuil ceangail acu le hÉirinn ar bhonn aonair nó mar chuid de ghrúpaí comhairleacha réigiúnacha. Is fiú go mór a a leithéid de rannpháirtíocht spriocdhírithe a thógtar ar bhonn taithí ar an bhfíormhargadh agus a fhreagraíonn do riachtanais shonracha.

Le linn ré na straitéise seo agus i gcomhréir leis na gealltanais sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Éagsúlú Margaí, féachfaimid le rannpháirtíocht a bhunú le feidhmeannaigh nua i bpríomh-mhargaí nó earnálacha agus leanfaimid de na líonraí sin a uasmhéadú chun tacú lenár gcuspóirí.

Imríonn líonraí gnó agus earnála na hÉireann thar lear ról tábhachtach maidir le daoine a thabhairt le chéile ar spéis leo forbairt na trádála agus an ghnó agus leanfaimid den tacaíocht d'fhás na ngrúpaí gnó. Feidhmíonn na líonraí sin mar phointe teagmhála tábhachtach le haghaidh lucht gnó nuathagtha i dtír nua agus iad ag iarraidh ceangail nua a bhunú. Oibreoimid i gcomhar le comhlachtaí ionadaithe in Éirinn chun na naisc idir Éire agus na líonraí gnó thar lear a neartú dóibh siúd a bhfuil de chumas acu agus ar spéis leo an rannpháirtíocht sin.

Bíonn mór-rol ag an turasóireacht freisin maidir leis an diaspóra a nascadh le hÉirinn, trí cheangal mothúchánach a iompú ina chuimhní saoil. Ag tógáil ar chomh maith is a d'éirigh le

[1] Is é atá i gceist le Foireann na hÉireann líonra misean taidhleoireachta na hÉireann a agus gníomhaireachtaí Stáit a chomhoibríonn thar lear chun tosaíochtaí trádála, infheistíochta, turasóireachta, oideachais agus taighde na hÉireann a chur chun cinn. Ar na comhpháirtithe tá Ambasáidí, Consalachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Bord Bia, Turasóireacht Éireann, Fís Éireann, Cultúr Éireann agus Taighde Éireann.

Tóstal Éireann, tabharfaidh tionscnamh Bhliain an Chuiridh, faoi stiúir ár ngniomhaireachtaí turasóireachta, cuireadh domhanda do chuairteoirí ceangal a athbhunú le hÉirinn.

Tá méadú ag teacht ar an bpobal scoláirí ar Éireannaigh iad, nó a bhfuil ceangal acu le hÉirinn, agus ar na taighdeoirí ar Éireannaigh iad, nó a bhfuil ceangal acu le hÉirinn, atá ag obair ar fud an domhain agus i mbun taighde agus nuálaíocht den scoth agus a chuireann a bhfuil déanta ag Éirinn i láthair san iliomad disciplíní. Beimid ag tacú i gcónaí le hobair an phobail sin agus ag tabhairt aitheantais dó i gcomhréir le Saoránaigh Dhomhanda 2030, straitéis idirnáisiúnta na hÉireann um Thallann agus Nuáil

Agus, tá roinnt tionscadal idir lámha d'fhonn eolas a chur ar fáil don diaspóra faoi fholúntais i bpríomhearnálacha in Éirinn amhail in earnálacha an chúraim sláinte agus na tógála.

Bíonn Éireannaigh atá ar an gcoigríoch agus daoine a bhfuil ceangal acu le hÉirinn ag plé leis an saol poiblí ar an uile leibhéal san áit a bhfuil cónaí orthu. Cuireann grúpaí amhail an grúpa dépháirteach reachtóirí stáit Gael-Mheiriceánacha mar aon le líon Grúpaí Cairdis Parlaiminteacha ar fud an domhain, atá ag dul i méid, ardáin ar fáil chun caidrimh pholaitiúla agus eacnamaíocha a chothú agus a neartú. Beimid ag tacú i gcónaí le forbairt líonraí Éireannacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéil fo-náisiúnta agus in AE, NA agus in eagraíochtaí iltaobhacha eile a bhfuil Éire ina ball díobh.

Mar is léir sa straitéis seo tríd síos, is comhroinnt scileanna agus rannpháirtíocht leathan an bonn faoi phobail láidre. Tá raon scileanna teicniúla agus gairmiúla agus saineolas ag ár ndiaspóra ar mór is fiú iad do ghrúpaí san earnáil dheonach, agus in earnálacha an chúraim pobail agus an chultúir. I gcaitheamh ré na straitéise seo, spreagfaimid níos mó rannpháirtíochta trasearnála a rachaidh chun tairbhe do na páirtithe uile.



*Rannpháirtithe ag imeacht Club Cúltur don Lá Fhéile Pádraig 2026 i Hanoi © RGET*

## Cás-staidéar: Ambasáidí agus Consalachtaí ina Naisc don Diaspóra

Ar fud an domhain is fóram iad Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann chun go dtiocfaidh pobail áitiúla an diaspóra le chéile ar bhonn leanúnach chun comhroinnt eolais, líonrú agus foghlaim idir phiaraí a éascú. Leanfaidh an obair sin ar feadh ré na straitéise seo agus feabhsófar í leis an leathadh leanúnach ar shamhail Áras an hÉireann ar fud an domhain. Cé go bhfuil go leor samplaí ann den ghníomhú sin léiríonn an dá cheann thíos a mhéid is fiú dár líonra taidhleoireachta a bheith ag cur spáis ar fáil go rialta chun líonraí a thabhairt le chéile.

Tugann **Le Chéile**, eagraíocht arna bunú ag an Ard-Chonsalacht in Sydney in 2018, ionadaithe le chéile ó bhreis agus 35 eagraíocht phobail dhifriúla in New South Wales (NSW). Cuireann sé ardán ar fáil chun gur féidir le ceannairí an phobail ceangal a bhunú agus plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar spéise iad don phobal. I láthair na huaire tá an grúpa ag obair ar Fhéilire coiteann a fhorbairt don Phobal Éireannach chun ardán inrochtana lárnach a chur ar fáil áit ar féidir leis na baill gníomhaíochtaí pleanáilte a n-eagraíochtaí a chur i láthair a chéile i gcaitheamh na bliana, rud a thacaíonn le breis comhordaithe, infheictheachta agus trasfhógraíochta laistigh den phobal Éireannach áitiúil.

Is tionscnamh in San Francisco atá á threorú ag mná é **Seisiúin Sí** agus tugtar ceannairí le chéile ón tecneolaíocht, ón ngnó, ón earnáil phoiblí, ó na meáin agus ó na healaíona, chomh maith le ceannairí éiritheacha ar mhná iad atá ag céim níos luaithe dá ngairmréim. Bhunaigh an Ard-Chonsalacht in San Francisco an líonra in 2023 mar shraith ócáidí á treorú ag mná ina rabhthas ag spriocdhíriú ar fhiontraithe agus ghairmithe Éireannacha agus ar fhiontraithe agus ghairmithe a raibh ceangal acu le hÉirinn sa Bay Area in California, áit a ndeir 10% de na cónaithe fúthu féin gur de bhunadh na hÉireann iad. Óstálann an Líonra ócáidí a bhunaíonn rannpháirtíocht i mbeartais agus i gcláir le mná Éireannacha sa diaspóra, a chuireann ceannaireacht na mban Éireannach in earnálacha éagsúla os comhair an phobail, a éascaíonn foghlaim idir phiaraí agus tacaíocht idir phiaraí agus a chumhachtaíonn an céad ghlúin eile de cheannairí gnó na hÉireann ar an gCósta Thiar.



*Aturnae Dúiche San Francisco, Brooke Jenkins, ag freastal ar imeacht de chuid Sí Sessions © RGET*



*Imeacht Nollag 2025 de chuid Le Chéile i Sydney © RGET*

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 15.** Feabhas a chur ar ár gcumas rannpháirtíocht a bhunú le pobail thar lear agus comhoibriú idir eagraíochtaí an diaspóra a éascú. | |
| 15.1 | An leagan úr de Eolaire an Diaspóra a lainseáil, mar acmhainn chun eolas a roinnt ar fud an domhain faoi eagraíochtaí Éireannacha ar eagraíochtaí cultúir, spóirt, oidhreachta, pobail, gnó agus leasa iad. |
| 15.2 | Ról cumarsáide dílsithe a cheapadh laistigh den Aonad Éireannaigh ar an gCoigríoch den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun ár gcumas cumarsáide a neartú agus ina mbeidh fócas ar eolas a chur ar fáil maidir leis na tacaithe atá ar fáil agus maidir le haird a tharraingt ar na rannchuidithe atá á ndéanamh ag pobail Éireannacha ar an gcoigríoch. |
| 15.3 | Dhá fhóram sibhialta d'Éireannaigh an Domhain a óstáil le linn ré na straitéise, ceann i mí Aibreáin 2026 chun an straitéis seo a lainseáil agus an dara ceann i ndeireadh 2028 nó i dtús 2029 mar chuid de cheiliúradh 25 bliana an Chláir Tacaíochta Eisimirceach |
| 15.4 | Oibriú lenár nAmbasáidí agus lenár gConsalachtaí chun tacú le tiosncnaimh lena n-éascaítear breis deiseanna réigiúnacha don líonrú idir eagraíochtai pobail chun comhroinnt eolais agus foghlaim idir phiaraí a fheabhsú agus deis a thabhairt le haghaidh breis comhoibrithe agus fógairt ócáidí ar fud a bpobal faoi seach. |
| 15.5 | An dara suirbhé ar Éireannaigh an Domhain a lainseáil, lena dtomhaisfear ár ndul chun cinnn maidir leis na gealltanais a leagtar amach sa straitéis a bhaint amach agus lena dtabharfar treoir maidir le tionscnaimh amach anseo. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 16.** Na ceangail le hÉirinn i measc an diaspóra a chothabháil agus a neartú. | |
| 16.1 | An tionscnamh *Guthanna an Diaspóra* a chur i bhfeidhm, mar chuid den chlár Áit Dúchais Chomhroinnte faoin Tionscnamh Rialtais Oileán Comhroinnte, chun plé agus iniúchadh a chur chun cinn ar a bhfuil i gceist le háit dúchais chomhroinnte don diaspóra uile. |
| 16.2 | Ceangail le daoine as an diaspóra a bhfuil baint acu leis an saol poiblí thar lear a bhunú agus a neartú. |
| 16.3 | Líonraí Éireannacha a bhunú laistigh den AE, NA agus eagraíochtaí iltaobhacha eile a bhfuil Éire ina ball díobh. |
| 16.4 | Ag tógáil ar chomh maith is a déirigh le Tóstal Éireann, cuireadh domhanda a thabhairt don diaspóra athcheangal le hÉirinn le linn Bhliain an Chuiridh. |
| 16.5 | Ceardlanna a chur ar fáil le haghaidh údaráis áitiúla a bhfuil straitéisí rannpháirtíochta acu don diaspóra (nó ar spéis leo iad a fhorbairt) chun malartú eolais a éascú idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, na húdaráis áitiúla agus grúpaí eile a oibríonn leis an diaspóra sa bhaile agus ar an gcoigríoch. |
| 16.6 | Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit a spreagadh chun smaoineamh ar ionchur a lorg ó shaineolaithe laistigh den diaspóra nuair a bhíonn painéil chomhairleacha agus coistí le bunú chun beartas intíre a fhorbairt. |
| 16.7 | Tacú le hÚdarás na Gaeltachta maidir le straitéis diaspóra s'acusan a chur chun feidhme. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 17.** Aitheantas a thabhairt do shárobair oibrithe deonacha agus eagraíochtaí pobail chun folláine an diaspóra Éireannaigh a áirithiú. | |
| 17.1 | Tabharfar aitheantas i gcónaí don Ghradam Scothseirbhíse an Uachtaráin as seirbhís shármhaith arna tabhairt don tír seo nó do phobail Éireannacha ar an gcoigríoch ag daoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn. |
| 17.2 | Clár aitheantais Ambasáide/Consalachta nua a thionscnamh chun urraim a thabhairt dóibh siúd a thug cuidiú suntasach áitiúil don phobal Éireannach ina réigiún. |
| 17.3 | Tacú lenár nAmbasáidí agus lenár gConsalachtaí aitheantas a thabhairt dóibh siúd a fhaigheann a saoránacht nua, saoránacht na hÉireann, tríd an bpróiseas breitheanna coigríche a chlárú le linn dóibh a bheith ina gcónaí ar an gcoigríoch. |
| 17.4 | Leanúint d'aitheantas a thabhairt d'Éireannaigh thar lear atá céad bliain d'aois le Deolchaire an Chéid. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 18.** Infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i ndiaspora gnó na hÉireann i gcomhréir le tosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Éagsúlú Margaidh agus Ócáidí Gnó 2030. | |
| 18.1 | Mapáil a dhéanamh ar ghrúpaí gnó Éireannacha ar fud an domhain agus oibriú lena leithéidí atá bunaithe in Éirinn chun naisc a neartú idir Éire agus na grúpaí thar lear. |
| 18.2 | Athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh cistiú CTE ar ghrúpaí gnó thar lear chun a áirithiú go mbeidh sé ailínithe le seachadadh thosaíochtaí straitéiseacha an Rialtais agus ag tacú leo. |
| 18.3 | Tacú le tógáil acmhainne i líonraí na hÉireann in earnálacha agus ionaid straitéiseacha chun rannpháirtíocht a bhunú le daoine nuathagtha agus comhairle a chur orthu. |
| 18.4 | Forbairt líonraí diaspóra a spreagadh i gcuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil ceangail acu le hÉirinn. |
| 18.5 | Oibriú le heagraíochtaí agus grúpaí gnó an diaspóra chun Éire a chur chun cinn mar áit fóillíochta, gnó agus turasóireachta comhdhála. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 19.** Rannpháirtíocht a bhunú le saineolas luachmhar agus léargais an diaspóra chun tacú le seachadadh thosaíochtaí trádála agus infheistíochta an Rialtais. | |
| 19.1 | Breithniú a dhéanamh ar líon beag painéal comhairleach ardleibhéil in ionaid a mbaineann tábhacht straitéiseach leo chun rannpháirtíocht a bhunú le Foireann Éireann maidir le margaí a fhorbairt, ag tógáil ar an taithí ó Phainéal Straitéiseach Comhairleach Eacnamaíoch na hÉireann-SAM agus ó Phainéal Straitéiseach Comhairleach na hÉireann-na hIndia. |
| 19.2 | Breithniú a dhéanamh, mar chuid d'obair an Fhóraim Trádála, ar dheiseanna rannpháirtíochta le guthanna gnó áirithe a roghnófar ón diaspóra. |

| **Gealltanas 20.** Ár rannpháirtíocht lenár bpobail acadúla agus taighde thar lear a dhoimhniú. | |
|---|---|
| 20.1 | Ár líonraí scoláirí Éireannacha thar lear a fheabhsú ar aon dul leis an Líonra Scoláirí le haghaidh rannpháirtíocht in Éirinn agus in Albain a lainseáladh in 2025. |
| 20.2 | Ár rannpháirtíocht le taighdeoirí Éireannacha thar lear agus le taighdeoirí a bhfuil ceangal acu le hÉirinn a neartú i gcomhréir le Saoránaigh Dhomhanda 2030, Straitéis Idirnáisiúnta na hÉireann um Thallann agus Nuáil. |
| 20.3 | Tacú le hInstitiúidí Ardoideachais na hÉireann chun líonraí alumni a leathnú agus a neartú. |
| 20.4 | Líonra Comhaltaí Éireann a neartú, ar líne agus ar tír, trínár nAmbasáidí agus Consalachtaí. |




*Tacaíocht do Chathaoir Léann na hÉireann WB Yeats in Ollscoil São Paulo © Onze Produtora*

# Imeacht & Filleadh Abhaile

Tá an imirce agus an tsoghluaisteacht ina cuid den saol laethúil in Éirinn. De réir figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, tá líon na saoránach Éireannach a théann ar eisimirce ag dul i méid ó bhliain go bliain, ach is amhlaidh don líon daoine a fhilleann ar Éirinn freisin. Ar an gcaoi chéanna níl leithéid aon diaspóra Éireannach amháin ann, ní ann don aon chúis amháin a bhíonn ag daoine chun imeacht as Éirinn nó filleadh uirthi.

| Bliain (go hAibreán) | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Saoránaigh Éireannacha ag dul ar Imirce | 25,000 | 21,400 | 25,600 | 30,500 | 34,700 | 35,000 |
| Saoránaigh Éireannacha ag Filleadh Abhaile | 33,600 | 36,400 | 28,900 | 29,600 | 30,000 | 31,500 |

*Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh 2026*

Aithníonn an chuid seo, cibé cúis atá acu, go mbíonn dúshláin áirithe ann dóibh siúd atá ag smaoineamh ar dhul ar eisimirce, dóibh siúd atá nuathagtha agus dóibh siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile.

Le linn ár gcruinnithe idirphearsanta agus sna freagraí ar an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain, bhí béim ar an ngá le heolas beacht, inrochtana chun deis a thabhairt do dhaoine cinntí eolacha a dhéanamh agus chun iad a threorú trí phróisis a d'fhéadfadh a bheith casta.

Dóibh siúd atá ag smaoineamh ar bhogadh thar lear, tógfaimid ar an gclár *Eolas Roimh Thaisteal*, ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, le haghaidh turasóirí Éireannacha, agus oibreoimid le comhpháirtithe chun eolas fíriciúil ábhartha a sholáthar roimh imeacht dóibh mar aon le treoir uathu siúd a bhfuil taithí acu ar aistriú chuig na príomhionaid agus cónaí iontu.

Beidh ár líonra Ambasáidí agus Consalachtaí agus Eolaire an Diaspóra an-tábhachtach maidir le heolas a chur ar fáil faoi líonraí agus grúpaí pobail Éireannacha i gcathracha ar fud an domhain ar féidir leo comhairle agus cúnamh a chur ar fáil dóibh siúd atá ag ssmaoineamh ar aistriú nó atá nuathagtha.

Beimid ag tacú i gcónaí leis an obair iontach a dhéanann eagraíochtaí pobail Éireannacha, lárionaid inimirce, clubanna spóirt agus go leor eile a chuireann fáilte ar fáil le haghaidh daoine nuathagtha.

Léirigh ár gcomhairliúcháin idirphearsanta agus ar líne gur mhaith le cuid mhór daoine i measc an diaspóra filleadh. Léiríonn na sonraí ón Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain 2025 gur spéis le 34.7% de na freagróirí filleadh, go bhfuil 24.7% ag smaoineamh ar fhilleadh agus go bhfuil 40.7% eile nach bhfuil cinnte.

Aithnítear an spéis sin sa Chlár Rialtais agus tá tiomantas ansin filleadh níos éasca a éascú.

Ar fud na gcomhairliúchán, bhí an-spéis acu siúd a bhí ag smaoineamh ar fhilleadh sa rochtain ar eolas soiléir agus suas chun dáta maidir le seirbhísí poiblí agus deiseanna fostaíochta.

Is í an tairseach Ag filleadh ar Éirinn ar citizensinformation.ie an príomh-mhol eolais ar cheisteanna riaracháin ar nós rochtain a fháil ar uimhreacha PSP, íocaíochtaí leasa shóisialaigh, cánachas, oideachas agus víosaí, agus mar threoir le ábhair thráchtála agus ceisteanna a bhainfeadh leis an earnáil phríobháideach ar nós baincéireacht agus árachas.

Ó 2022 i leith bhain breis is 700,000 duine úsáid as an tairseach. Ag filleadh ar Éirinn chun eolas agus comhairle a fháil agus breathnaiodh na leathanaigh eolais breis is 1.5 milliún uair. I bhfianaise a bhfuil ag éirí leis, oibreoimid le Bord Faisnéis do Shaoránaigh chun a áirithiú go mbeidh sé suas chun dáta i gcónaí agus go mbeidh sé freagrúil ar riachtanais na ndaoine a bhfuil eolas uathu.

Beidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mbun rannpháirtíochta leis na ranna Rialtais atá freagrach as ceisteanna ar nós uimhreacha PSP, gnáthchónaí, ceisteanna ag éirí as céile neamh-LEE agus aitheantas do cháilíochtaí, agus béim ar dhearcthaí an diaspóra a chur ar fáil.

Feabhsóimid ár rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha gairmiúla freisin agus le heagraíochtaí tráchtála agus le heagraíochtaí san earnáil phríobháideach chun na dearcthaí a chualamar ar fud an phróisis comhairliúcháin a chur ar fáil.

Ina theannta sin, agus na dúshláin ar leith a aithint a gcaithfidh na doine sin a bheidh ag filleadh dul i ngleic leo, neartóimid ár rannpháirtíocht leo siúd a dhéanann abhcóideacht thar a gceann agus oibreoimid leo chun maoirseacht a dhéanamh ar na gealltanais sa chuid seo.

Tá roinnt tionscnamh idir lámha a bhfuil mar aidhm leo eolas a chur ar fáil don diaspóra maidir le folúntais i bpríomhearnálacha in Éirinn, m.sh. sa chúram sláinte agus san fhoirgníocht. Tá rannóg in careerhub.hse.ie le haghaidh oibrithe cúraim sláinte atá ag filleadh. Áiritheoimid i gcónaí go gcuirfear iad sin in iúl dóibh siúd ar spéis leo iad.

Is maith linn an leibhéal spéise i measc an diaspóra freastal ar ollscoil nó ar choláiste in Éirinn. Ach é sin a éascú tabharfar deis do ghlúin nua ceangail le hÉirinn a fhorbairt. Breithneoidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, i gcomhréir le tiomantais a leagtar amach sa Chlár Rialtais, an ceanglas maidir le cónaí ar feadh trí bliana do shaoránaigh atá ina gcónaí thar lear agus ar mhaith leo staidéar lánaimseartha a dhéanamh in Éirinn.

Faoi láthair tá 27 gcomhaontú chómhalartacha le haghaidh ceadúnas tiomána ag Éirinn le dlínsí eile, lena n-áirítear an Astráil agus seacht bpróibhinse i gCeanada. Tá obair ar siúl chun caomhaontuithe a thabhairt i gcrích le stáit sna Stáit Aontaithe. Ós rud é gur cur chuige stáit ar stát a theastaíonn chuige sin, beimid ag díriú ar dtús ar na stáit sin a bhfuil daonra suntasach Éireannach iontu. Aithnímid go mbíonn riachtanais speisialta ag daoine ó phobail imeallaithe, agus ag daoine leochaileacha, ar fhilleadh dóibh. Beimid ag tacú i gcónaí le hobair eagraíochtaí amhail Safe Home agus Crosscare chun a áirithiú go guirtear na tacaithe iomchuí ar fáil.

Aithnímid freisin go dtugann eismircigh atá ag filleadh scileanna agus peirspictíochtaí nua leo. Beimid ag déanamh éascaíochta i gcónaí ar ár gclár Ar Ais i mBun Gnó a chuireann meantóireacht ar fáil d’fhiontraithe luathchéime atá tar éis filleadh ar Éirinn, nó atá sa phróiseas fillte.

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 21.** Eolas inrochtana roimh imeacht a sholáthar dóibh siúd atá ag fágáil na hÉireann agus a áirithiú go dtugtar tacaíocht d'eisimircigh ar theacht isteach i dtír nua dóibh. | |
| 21.1 | Oibriú i gcomhar lenár nAmbasáidí, lenár gConsalachtaí agus lenar gcomhpháirtithe áitiúla chun *Eolas Roimh Thaisteal*, tacar iomlán eolais, a fhorbairt faoi cheisteanna praiticiúla, cultúir, riaracháin agus fostaíochta i gcás na bpríomhcheann scríbe. |
| 21.2 | Leas a bhaint as an Mol Éireannach Domhanda chun comhairle roimh imeacht a chur ar fáil aguseolas faoi thacaithe i gcás ceisteanna ar nós dul i ngleic leis an leithlisiú agus na ceangail bhaile a chothabháil. |
| 21.3 | Eisimircigh nuathagtha a chur i dteagmháil le heagraíochtaí pobail áitiúla agus clubanna spóirt, trí Eolaire an Diaspóra a fhógairt agus oibriú i gcomhar leis na hAmbasáidí agus na Consalachtaí chun deiseanna a sholáthar lena líonraí pearsanta agus gairmiúla féin a thógáil. |

| | |
|---|---|
| **Gealltanas 22.** An próiseas aistrithe a éascú dóibh siúd atá ag filleadh abhaile ar Éirinn. | |
| 22.1 | Cur leis an tairseach Filleadh ar Éirinn chun eolas inrochtana ábhartha a chur ar fáil dóibh siúd atá ag filleadh ar Éirinn, lena n-áirítear daoine atá ag smaoineamh ar dhul ar scor anseo. |
| 22.2 | Leanúint de ghuth an diaspóra a chur chun cinn ar fud ranna agus gníomhaireachtaí rialtais maidir le ceisteanna ar mórábhar imní iad (lena n-áirítear rochtain ar uimhreacha PSP agus ceisteanna a bhaineann le céile nó páirtnéir sibhialta neamh-LEE) agus le gníomhaithe neamhrialtasacha agus tráchtála/san earnáil phríobháideach. |
| 22.3 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gceanglas cónaí trí bliana do shaoránaigh níos óige atá ina gcónaí thar lear agus atá ag iarraidh staidéar lánaimseartha a dhéanamh in institiúidí tríú leibhéil in Éirinn. |
| 22.4 | Comhaontuithe cómhalartacha ceadúnas tiomána a thabhairt i gcrích le stáit sna Stáit Aontaithe, ag spriocdhíriú ar dtús ar na stáit sin ina bhfuil daonra Éireannach suntasach. |
| 22.5 | Tacú leo siúd atá ag obair le daoine leochaileacha agus imeallaithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha a thagann chun cinn mar thoradh ar fhilleadh. |
| 22.6 | Oibriú lenár nAmbasáidí agus lenár gConsalachtaí agus leis an tairseach Filleadh ar Éirinn chun tacú le tionscnaimh rialtais a bhfuil d'aidhm acu eolas a chur ar fáil don diaspóra faoi fholúntais i bpríomhearnálacha in Éirinn. |
| 22.7 | Leanúint den chlár Ar Ais i mBun Gnó a sholáthar chun meantóireacht a dhéanamh ar eisimircigh atá ag filleadh agus a bhunaíonn gnó. |

### Cás-staidéar: Ar Ais i mBun Gnó

Is tionscnamh é Ar ais i mbun Gnó (Back for Business) a chothaíonn gníomhaíocht fiontraíochta agus a thacaíonn léi i measc eisimircigh a d'fhill, nó a bhfuil rún acu filleadh, agus atá ag iarraidh gnó nua a thosú in Éirinn. Píolótaíodh é in 2017, is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chistíonn é agus is ar shamhail tacaíocht ó phiaraí a oibríonn sé, áit a dtugann na Treoir-fhiontraithe a gcuid ama go deonach chun oibriú le rannpháirtithe ar mhaithe lena ngnólachtaí a fhorbairt ar bhonn inbhuanaitheachta agus fáis. Baineann an struchtúr le seisiúin chomhphléití míosúla a dhíríonn ar chonstaicí a mbíonn orthu siúd a chaith seal ar an gcoigríoch dul i ngleic leo, lena n-áirítear líonraí tacaíochta a thógáil agus ualaí riaracháin a shárú. D'éirigh go maith leis an gclár agus rinne thart ar 250 duine é a chur i gcrích ó cuireadh tús leis. Le linn thimthriall 2025, fuair 31 rannpháirtí léargas fiúntach ar bhacainní a shárú agus faoi dheireadh an chláir bhí 51 fhostaí nua ar an iomlán ag obair ina ngnólachtaí, agus méadú 39% ar onnmhairí óna gcomhlachtaí i gcomparáid le cúrsaí sular chuir siad an clár i gcrích.




*Rannpháirtithe ó Chlár Forbartha Breise 2025 an Chláir Ar ais in mbun Ghnó, in éineacht leis an bpríomhfhiontraí Paul Duggan*
*© Orla Murray, Coalesce*

# Ár nEispéireas a Roinnt



*Fáiltiú Pobail na hÉireann in Ambasáid Londain, ag seoladh maoiniú ESP sa Bhreatain, Deireadh Fómhair 2025 © RGET*

In Éire Dhomhanda 2025 aithníodh feabhsú ionad na hÉireann sa domhan mar chumasóir criticiúil chun breis deiseanna a thógáil le haghaidh na nÉireannach agus na bpobal Éireannach sa bhaile agus ar an gcoigríoch. Trínár lorg coise domhanda a shaothrú lena n-áirítear trí shamhail Áras na hÉireann a leathnú, cuireadh réimse nua ar fáil chun luachanna na hÉireann agus ár n-ealaíona, ár nuáil ghnó agus ár spóirt a chur ar taispeáint Bhí an straitéis diaspóra roimhe seo ina dlúthchuid den tsraith straitéisí, Éire Dhomhanda 2025.

Le blianta beaga anuas leis an bhfás suntasach a tháinig ar éiceachóras rannpháirtíochta na hÉireann leis an diaspóra agus faoi láthair cuimsítear ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais leis (go háirithe an t-aonad Éireannaigh ar an gcoigríoch den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) an saol acadúil, eagraíochtaí forbartha beartais amhail Institiúid an Diaspóra, cuideachtaí san earnáil phríobháideach (go háirithe i réimse na teicneolaiochta) agus raon eagraíochtaí pobail agus sochaí sibhialta.

Tá tuiscint ann ar a éifeachtaí atá Éire maidir lena rannpháirtíocht diaspóra, laistigh den AE agus níos faide i gcéin. Ach ár saineolas go léir a ghiaráil is deis uathúil é chun ceannas na hÉireann sa réimse sin a fheabhsú tuilleadh.

Is uirlis chumhachtach beartais eachtraigh d'Éirinn é ár n-eispéireas a roinnt, uirlis ar féidir léi a bheith ina tairseach straitéiseach chun ár gclú a fheabhsú ar bhonn domhanda agus rochtain a fháil ar chinnteoirí idirnáisiúnta agus ar cheannairí i réimse na smaointe. In anailís acadúil a rinneadh le deireanas tugadh ar aird go bhfuil taidhleoireacht diaspóra ina gné thábhachtach atá ag teacht chun cinn sa chaidreamh idirnáisiúnta, agus má ghlactar le cumhacht bhog thaidhleoireacht an diaspóra gur féidir deiseanna polaitiúla, taidhleoireachta agus eacnamaíocha a bheith ag gabháil léi a thacaíonn lenár dtosaíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha.

Le straitéisí diaspóra roimhe seo rinneadh dul chun cinn tábhachtach nuair a cuireadh ar bhonn foirmiúil an tslí a dhéanann Éire é sin.

Oibreoidh an straitéis seo chun éiceachóras ár rannpháirtíochta leis an diaspóra a neartú chun tairiscint níos comhordaithe a mhúnlú chun ár n-eispéireas a roinnt tráth a bhfuil go leor tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eile ag iarraidh a gcaidreamh lena ndiaspóra féin a fheabhsú nó beartais a fhorbairt chun diaspóraí a chumhachtú chun cur le forbairt inbhuanaithe ina dtíortha dúchais agus ina ndúiche nua freisin.

I gcaitheamh ré na straitéise seo, tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le chéile líonra cleachtóirí rannpháirtíochta dhiaspóra na hÉireann ar speis leo cur le forbairt an bheartais diaspóra mar fhreagairt ar theagmhálacha leanúnacha ó thíortha ar an gcoigríoch ag lorg comhairle, comhalartuithe agus comhroinnt eolais.

Ar an leibhéal iltaobhach, bunóimid rannpháirtíocht trí Chomhghuaillíocht Bheartais an Diaspóra Dhomhanda chun feabhas a chur ar an rannpháirtíocht diaspóra ar fud an domhain agus leanfaimid de tacaíocht a thabhairt do chumhachtú diaspóraí chun cuidiú leis an bhforbairt, rud a iarradh i gCuspóir 19 den Chomhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce agus i nDearbhú Bhaile Átha Cliath.

Forbraíodh raon straitéisí réigiúnacha faoin straitéis Éire Dhomhanda 2025. De réir mar a bheoitear na straitéisí sin sa straitéis nua, breithneoimid freisin mar a bhfuil deiseanna ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht níos doimhne agus níos buaine le rialtais chomhpháirtíochta agus le hinstitiúidí iltaobhacha maidir lena mbeartas diaspóra a fhorbairt.

| **Gealltanas 23.** Éire a chur chun cinn mar mhol saineolais sa rannpháirtíocht diaspóra ar an leibhéal domhanda. | |
|---|---|
| 23.1 | Líonra cleachtóirí rannpháirtiochta dhiaspóra na hÉireann a thabhairt le chéile chun ardán leathan a fhorbairt ar mhaithe le heispéireas na hÉireann a roinnt le tíortha eile. |
| 23.2 | Cruinniú cleachtóirí rannpháirtíochta diaspóra ar leibhéal an Rialtais a óstáil in 2027. |
| 23.3 | Deiseanna a lorg chun dul i rannpháirtiocht le rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus páirtithe leasmhara eile ar spéis leo a straitéisí diaspóra féin a fhorbairt. |
| 23.4 | Cuidiú na ndiaspóraí domhanda a aithint i gcónaí agus a áirithiú go mbeidh ár rannpháirtíocht i gcomhréir le Dearbhú Bhaile Átha Cliath agus Cuspóir 19 den Chomhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce, |

## Cás-staidéar: Clár Chomhaltaí Éireann

Creideann Éire go bhfuil ríthábhacht leis an oideachas chun saol níos fearr a chruthú. Ó 1974 i leith rinne beagnach 4,000 duine ó thíortha éagsúla ar domhan staidéar ar leibhéal Máistreachta mar chuid den chlár Ireland Fellows Programme, ceann de na cláir chúnaimh forbraíochta is seanbhunaithe ag Éirinn. Tugann an chomhaltacht fhíoriomaíoch sin tacaíocht do na rannpháirtithe staidéar a dhéanamh sna hinstitiúidí tríú leibhéil is fearr in Éirinn, áit a ngnóthaíonn siad scileanna chun cuidiú lena dtíortha féin agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme ar fhilleadh abhaile dóibh. Is diaspóra comhleasa láidir iad alumni na Comhaltachta, agus leanfaimid den líonra alumni sin a neartú trinár nAmbasáidí agus ar líne.

Leathnaíodh an scéim le blianta beaga anuas agus bíonn mic léinn inti anois ó Mheiriceá Laidneach agus ó réigiún Mhuir Chairib, i gcomhréir le Straitéis na hÉireann do Mheiriceá Laidneach agus réigiún Mhuir Chairib. Ón mbliain acadúil 2023/2024 i leith thairbhigh 37 gComhalta ó thrí thír déag den chlár.



*Comhaltaí 2025/26 ó Mheiriceá Laidineach agus Muir Chairib ag Lá Treorach an IFP, Meán Fómhair 2025 © Con O'Donoghue*

# Foscríbhinn 1: Mapa de na Príomhchomhairliúcháin



# Foscríbhinn 2: Forléargas ar an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain - Dr Martin Russell, Príomhoifigeach Taighde & Stráitéise, Institiúid an Diaspóra

Bhain trí phríomhsnáithe leis na comhairliúcháin le diaspóra Éireannaigh an Domhain: an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain do dhaoine aonair, an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain d'Eagraíochtaí agus na Páipéir Seasaimh ó Éireannaigh an Domhain.


Baineann na torthaí a cuireadh inár láthair sa straitéis leis an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain do Dhaoine Aonair, ag cur san áireamh gur leis a bhaineann an tacar sonraí is iomadúla. Ag tosú le 9,898 bhfreagra ar an iomlán, aithníodh 6,502 fhreagra incháilithe i gcomhair anailíse tar éis mórphróiseas glanta sonraí. Sa phróiseas sin b'éigean suirbhéanna a mheas ar nótáladh saincheisteanna difriúla cáilíochta sonraí a bheith ag baint leo, agus b'éigean freagraí a bhaint a tháinig ó fhreagróirí nár cheadaigh a gcuid sonraí a úsáid.

## Torthaí Cainníochtúla na Sonraí

### Próifíl Dhéimeagrafach agus Gheografach

Léirigh an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain an-chothromaíocht inscne: mná ab ea 49.7% de na freagróirí agus fir ab ea 49.5% díobh. Thug thart ar 0.5% de na freagróirí le fios go raibh siad neamh-dhénártha agus bhí 0.3% de na freagróirí arbh fhearr leo gan a n-inscne a lua.

Is mar seo a leanas do phróifíl aoise na bhfreagróiri: Daoine ó 18 – 24-bliana d'aois ab ea 2.7% de na freagróirí, daoine ó 25 – 34 bliana d'aois ab ea 15% díobh, daoine ó 35 – 44 ab ea 21.2% díobh, daoine ó 45 – 54 ab ea 22.4% díobh, daoine ó 55 – 64 ab ea 22.3% agus daoine a bhí 65+ bliana d'aois ab ea 16.4%.





*Fíor 1 Próifíl Aoise na bhFreagróirí ar an Suirbhé ar Éireannaigh an Domhain do Dhaoine Aonair*

Maidir leis an tslí ar chuir na freagróirí iad féin in aithne laistigh den diaspóra b'iad an chéad ghlúin (67%) agus diaspóra ginealaigh (30.5%) ba choitianta agus is diaspóra comhleasa nó diaspóra droim ar ais a bhí sa chuid eile. Bhí pas ag 81.8% de na freagróirí.

Seo a leanas na deich dtír óna bhfuarthas an líon freagraí ba mhó, in ord aicmithe: na Stáit Aontaithe, an Bhreatain, Ceanada, an Astráil, an Fhrainc, an Nua-Shéalainn, an Ghearmáin, AÉA, an Spáinn agus an tSín.

### Rún Filleadh ar Éirinn

Léiríonn na sonraí ón gceist maidir le filleadh a dhoimhne atá deis an diaspóra d'Éirinn. Ní raibh ach 24.7% de na freagróirí a thug le fios nár mhaith leo filleadh. Bhí 34.7% a thug le fios gur mhaith leo filleadh agus 40.7% nach raibh cinnte.





*Fíor 2 Briseadh síos ar an Rún Filleadh ar Éirinn (de réir an tSuirbhé ar Éireannaigh an Domhain do Dhaoine Aonair)*

## Bacainní ar Fhilleadh

D'aicmigh angaigh na freagróirí 4 rogha in ord na mbacainní is suntasaí ar fhilleadh, ina dtuairim. Chun na freagraí sin a thiomsú, sannadh scór do gach rogha, aicmiú áit a haon cothrom le 4 sa chás seo agus an áit dheiridh cothrom le 1. Is mar seo a bhí na meánaicmithe agus na scóir:

1. Eolas faoi dheiseanna fostaíochta agus cláir ghníomhachtúcháin san ionad oibre (2.83)
2. Rochtain ar eolas maidir le seirbhisí poiblí (e.g., oideachas agus cúram sSláinte) (2.80)
3. Rochtain ar na húdaráis ábhartha in Éirinn (2.74), agus
4. Imeascadh sóisialta ar ais in Éirinn (1.63).





*Fíor 3 Aicmiú na dTacaithe chun Aghaidh a Thabhairt ar Bhacainní ar Fhilleadh ar Éirinn (de réir an tSuirbhé ar Éireannaigh an Domhain do Dhaoine Aonair)*

### Dúshláin arbh éigean don Diaspóra dul i ngleic leo

Is mar seo a leanas a d'aicmigh na freagróirí na príomhdhúshláin:

1. Rochtain ar eolas iontaofa (2.96)
2. Dul chun cinn ar an rochtain ar líonraí pobail agus tacaíocht phobail (2.58)
3. Forbairt ar an gcaidreamh ó ghlúin go glúin (2.41), agus
4. Stádas inimirce (2.05)

Tugann na sonraí cáilíochtúla léargas breise ar dhúshláin áirithe a nótáladh.





*Fíor 4 Aicmiú na nDúshlán arbh éigean do Dhiaspóra na hÉireann dul i ngleic leo (de réir an tSuirbhé ar Éireannaigh an Domhain ar Dhaoine Aonair)*

## Ag Tacú leis an gCéad Ghlúin eile

Is mar seo a leanas a d'aicmigh na freagróirí na tacaithe don chéad ghlúin eile:

1. Rochtain níos fearr ar na heagraíochtaí/líonraí atá ann faoi láthair do dhiaspóra na hÉireann ar an gcoigríoch (3.94)
2. Rochtain ar eolas roimh imeacht ó Éirinn (3.41)
3. Uirlisí rannpháirtíochta/tacaíochta digiteacha (2.85)
4. Páirt a ghlacadh in imeachtaí pobail sna spriocthíortha (2.74), agus
5. Tacaíocht chun a líonraí/eagraíochtaí diaspóra féin agus a líonraí piaraí féin a chruthú

### Tosaíochtaí chun Tacú leis an gCéad Ghlúin eile de Dhiaspóra na hÉireann




*Fíor 5 Tosaíocht na dTacaíochtaí don chéad ghlúin eile de Dhiaspóra na hÉireann (de réir an tSuirbhé ar Éireannaigh an Domhain do dhaoine aonair)*

### Príomhthosaíochtaí don Straitéis

I dtéarmaí príomhthosaíochtaí don Straitéis, is mar seo a leanas a d'aicmigh na freagróirí na chéad trí réimse le díriú orthu:

1. Abhcóideacht ar son dhiaspóra na hÉireann.
2. Cultúr, oidhreacht agus spórt, agus
3. Tacaíocht chun filleadh ar Éirinn, chun cónaí, oibriú agus staidéar a dhéanamh inti.

### Léargais ó na Sonraí Cáilíochtúla

Sna sonraí cáilíochtúla a bhí á gcur i láthair ag na freagróirí, léiríodh torthaí téamúla láidre agus ba chabhair iad chun breithnithe sonracha a shainaithint don straitéis. Ar na réimsí spéise a ardaíodh go seasmhach de bhreis ar na moltaí thuas bhí cur chun cinn na Gaeilge, rannpháirtíocht eacnamaíoch straitéiseach, comhoibriú straitéiseach acadúil sa taighde agus sa teagasc, rannpháirtíocht tionscal cruthaitheach agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn.

Luadh ceisteanna áirithe go minic mar bhacainní ar fhilleadh, lena n-áirítear costas tithíochta agus maireachtála in Éirinn, constaicí riaracháin don té a bheadh ag filleadh ag Éirinn le céile pósta neamh-LEE, agus aitheantas do scileanna agus cáilíochtaí.

I bhfianaise dhoimhneacht na sonraí, ní liosta iomlán é sin. Is fiú a thabhairt ar aird freisin go bhféadfadh gnéithe áirithe de na torthaí a bheith lasmuigh de shainordú Straitéis an Diaspóra. Sa tuarascáil taighde a ghabhann le foilsiú an tsuirbhé gheofar anailís níos mine ar na torthaí sin.

“Tá gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, i dteideal, agus tá de cheart oidhreachta aige nó aici, a bheith páirteach i náisiún na hÉireann. Tá an teideal sin freisin ag na daoine go léir atá cáilithe ar shlí eile de réir dlí chun bheith ina saoránaigh d’Éirinn. Ina theannta sin, is mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann.”

**Airteagal 2, Bunreacht na hÉireann**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland